



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2007

Clár na nÁbhar

Brollach	3
<i>Ráiteas Misín agus Struchtúr na hEagraíochta</i>	4
Ailt	
<i>Súil Siar ar an Aimsir in Éirinn - 2007</i>	5
<i>Achoimre ar Aimsir na hÉireann - 2007</i>	10
<i>Súil Air ar an Aimsir Dhomhanda - 2007</i>	11
<i>Comhoibriú ICHEC/Met Éireann</i>	17
<i>Bás Meitéareolaithe Iomráiteacha Éireannacha</i>	18
<i>Bainistíocht Straitéiseach</i>	19
<i>- Spriocanna Ardleibhéil Met Éireann a Sheachadadh</i>	
Aguisíní	
<i>1 Cruinneas na Réamhaisnéise</i>	31
<i>2 Foilseacháin</i>	35
<i>3 Airgeadas Met Éireann</i>	36
Eolas Corparáideach	37
Gluais	38
Buíochas	39





Is cuid de mhisean gach comhlachta seirbhíse poiblí é 'Cur le Cuspóirí an Rialtais', agus is amhlaidh do Met Éireann é. Go praiticiúil, is teagmháil measartha neamhshoiléir atá ag Met Éireann le clár oibre reatha an Rialtais mar gheall

ar nádúr oibriúcháin a róil, ach bíonn nasc níos díri le feiceáil uaireanta. Bhí an deis sin ann i 2007 nuair a rinneadh an Straitéis nua um Athrú Aeráide a fhorbairt agus nuair a d'fhaomh an Rialtas í. Bhí rannpháirt Met Éireann sa Straitéis thar a bheith soiléir, mar a raibh tiomantais ann a bhain le leanúint ar aghaidh le gníomhaíocht samhaltaithe aeráide na Seirbhíse, chomh mhaith le breathnadóireachtaí aeráide a chothabháil. Ba mhaith an t-aitheantas é seo ar an ról ríthábhachtach atá ag bailiú sonraí aeráide a thomhaistear go díreach sa Staidéar atá á dhéanamh ar athrú aeráide.

Tháinig an Tionscadal C41 um Réamhaisnéis Aeráide chun dheireadh a théarma ceithre bliana ag deireadh 2007, agus tá níos mó agus níos mó aitheantais á fháil aige as an gcion a rinne sé ar son athrú aeráide in Éirinn a thuiscint. Tá curtha go mór ag Met Éireann leis an inniúlacht náisiúnta i réimse an staidéir ar athrú aeráide trí fhorbairt a dhéanamh ar a scileanna samhaltaithe aeráide, atá tógtha ar chroíscil na réamhaisnéise uimhriúla aimsire.

Mar is gnách, ba ghné shuntasach de ghníomhaíochtaí Met Éireann i rith na bliana an nuáil theicniúil. Tar éis athbhreithniú dian a dhéanamh ar thairiscintí, ordáíodh Stáisiún Oibre nua Réamhaisnéise atá bunaithe ar bhogearráí ó IBLSoft. Táthar ag súil go mbeidh an córas, nuair a thabharfar isteach in úsáid oibriúcháin sa dá oifig réamhaisnéise atá againn é, ina uirlis bhreisithe do réamhaisnéiseoirí agus go réiteoidh sé an bealach d'éifeachtacht níos fearr i dtáirgeadh réamhaisnéise. Maidir leis an líonra stáisiún breathnóireachta atá againn, rinneadh dul chun cinn leanúnach i dtreo uathoibriú na stáisiún, trí shaoráidí breise a shuiteáil in ionaid áirithe agus Stáisiún Aimsire Uathoibríoch nua a shuiteáil i gColáiste Talmhaíochta Ghoirtín.

Ba mhór an fhorbairt do Met Éireann an comhaontú a síníodh le hIonad Ríomhaireachta Ardréimse na hÉireann (ICHEC) ar son oibriúcháin ár samhla uimhriúla gearrthearmaí

réamhaisnéise aimsire, HIRLAM. Tugann sé seo bealach costéifeachtach do Met Éireann rochtain a fháil ar chóras ardfheidhmiúcháin don chroíthasc seo agus cuireann sé ar ár gcumas samhlaí níos casta a thabhairt isteach amach anseo.

Beidh cuimhne ag mórán daoine ar an bpatrún aimsire a bhí ann i rith na bliana 2007, mí Aibreáin a bhí an-te agus tirim, mar shampla, agus samhradh míshocair fliuch. Is beag an sólas do mhuintir na hÉireann é go méadaíonn aimsir mhíshocair ioncam Met Éireann, agus gur baineadh amach ioncam tráchtála níos mó ná riamh i 2007!

Bíonn Met Éireann rannpháirteach i gcónaí i ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta, agus eagraíodh cruinnithe éagsúla idirnáisiúnta in Éirinn i rith 2007. I mí Iúil mar shampla, tionóladh cruinniú de ghrúpa an Met Alliance, a bhfuil Met Éireann ina chomhalta de, i mBaile Átha Cliath chun díospóireacht a bheith ann i leith na socrúithe meitéareolaíochta a bheidh san Eoraip faoi threoir Aon-Spéire na hEorpa. Agus forbairtí amhail comhbhloic aerspáis á bplé san Eoraip, is iomaí ní atá neamhchinnte do sholáthraithe seirbhíse meitéareolaíochta agus is mian le Met Éireann an oiread pleanála agus is féidir a dhéanamh do na forbairtí seo.

Tionóladh cruinniú de Chomhairle EUMETSAT in Éirinn, i mí an Mheithimh i gcathair Chorcaí. Ba é seo an chéad uair a tionóladh cruinniú de chomhairle cheann de na príomheagraíochtaí meitéareolaíochta Eorpacha in Éirinn. Tá ról ríthábhachtach ag EUMETSAT, an Eagraíocht Eorpach um Shaothrú Satailítí Meitéareolaíochta, sa mheitéareolaíocht oibriúcháin agus ba mhór an onóir do Met Éireann óstáil a dhéanamh ar chruinniú den chomhlacht in Éirinn.

Gabhaim buíochas le gach ball d'fhoireann Met Éireann as ucht a gcuid fuinnimh, eolais agus scileanna a úsáid chun go mbeadh bliain rathúil eile againn i 2007.

Déaglán Ó Murchadha
Stiúrthóir

Ráiteas Misin

" An misean atá againn ná breathnú, miondealú agus fáistiniú a dhéanamh ar aimsir agus ar aeráid na hÉireann, agus raon seirbhísí meitéareolaíochta agus eolas gaolmhar den scoth a sholáthar dár gcustaiméirí."

Struchtúr Eagrúcháin Met Éireann (Nollaig 2007)



Súil Siar ar an Aimsir in Éirinn - 2007

► Eanáir 2007

Bog, fliuch agus gaofar ar feadh fhormhór na míosa; ag éirí níos fionnuaire agus níos tírime

Bhí aimsir na hÉireann faoi thionchar ag brú íseal ar feadh na chéad trí seachtaine den mhí, agus lagraigh dhoimhne ag trasnú ag iarthuaisceart na tíre ag cur le coinníollacha an-mhíshocaire. Taifeadh gálaí ar mhórán laethanta sa tréimhse seo, le séideáin a rinne damáiste, agus bhí na teochtaí i bhfad níos airde ná mar is gnách do mhí Eanáir mar gheall ar gur ón iardheisceart ba mhó a bhí an sruth aeir ag teacht. Tháinig athrú sa tríú cuid dheireanach den mhí le haimsir níos suaimhní agus níos fuaire, agus coinníollacha níos glaine á gcruthú ag frithchíoclón ar an taobh thiar d'Éirinn i sreabhadh aniar aduaidh den chuid is mó.

Bhí na meánteochtaí aeir don mhí ar an iomlán i bhfad níos airde ná mar is gnách, beagnach dhá chéim níos airde ná mar is gnách i bhformhór na stáisiún. Cé go raibh sí i bhfad níos teo ná mar is gnách, áfach, níor sáraíodh aon taifead meánteochta an mhí seo, mar go raibh Mí Eanáir an-bhog freisin i 2002 agus 2005. Mar a tharla an mhí roimhe sin, níor taifeadh aon sioc aeir i bhformhór na stáisiún cósta, bhí idir 1 agus 4 shioc aeir ag formhór na stáisiún intíre san iomlán, i gcomparáid le idir 7 agus 11 ar an meán i mí Eanáir.

Bhí an-éagsúlacht sna hiomláin bháistí ar fud na tíre, agus rinneadh an fliuchras is troime a thaifeadh i gceantair sa tuaisceart agus san iarthar. Bhí idir 49% den ghnáthfhluchras i Ros Láir agus 145% i gCionn Mhálanna; ba é seo an Eanáir ba fhliche ón mbliain 1995 i gCionn Mhálanna, agus an ceann ba thírime ó 2000 i Réadlann Dhairbhre. Rinneadh níos mó ná 20 lá fliuch (laethanta le 1mm báistí nó níos mó) a thomhas i stáisiún sa tuaisceart agus san iarthar, agus roinnt báistí sa cheantar seo gach lá sa tréimhse ón 1ú go dtí an 23ú lá.

Bhí na hiomláin de thaitneamh gréine is airde sa leath thoir den tír. Bhí an lá is mó gréine ag a lán de na stáisiún ar an 25ú, agus tomhaiseadh luachanna timpeall 8 n-uair an chloig in áiteanna; ba é an luach 7.7 uair an chloig i mBiorra an taitneamh gréine lae ba airde a taifeadh do mhí Eanáir.

► FEABHRA 2007

Cineálta agus griannmhar den chuid is mó; fliuch sa deisceart

Cé go raibh seachtain d'aimsir fhuar ann go luath sa mhí, ba mhí bhog í mí Feabhra san iomlán le meánteochtaí aeir céim amháin os cionn na gnáth-theochta tríd is tríd, ag leanúint le patrún aimsire a bhí níos teo ná mar is gnách do mhíonna an gheimhridh.

Ba í seo an Feabhra ba theo i bhformhór na stáisiún ón mbliain 2002. Rinneadh sioc aeir a thaifeadh go forleathan sa tréimhse ón 2ú go dtí an 7ú lá, ach b'annamh a bhí sé ann an chuid eile den mhí. Bhí idir 8 agus 11 shioc aeir ann i rith na míosa sna stáisiún intíre, mar is gnách do mhí Feabhra, agus níor taifeadh aon sioc aeir i Ros Láir ná i Réadlann Dhairbhre.

Bhí iomlán báistí mhí Feabhra níos airde ná mar is gnách i ndeisceart na tíre, ach ba mhí measartha tirim a bhí acu sa tuaisceart. Cé nár taifeadh ach fíorbheagán báistí roimh an 7ú lá den mhí, bhí iomlán na laethanta fliucha (laethanta le 1mm báistí nó níos mó) níos airde ná mar is gnách i ngach áit; bhí idir 14 agus 16 lá fliuch ag formhór na stáisiún i rith na míosa i gcomparáid le gnáthréimse de 11 go 15 lá do mhí Feabhra, agus rinneadh 20 lá fliuch a thaifeadh i Réadlann Dhairbhre. Frasaíocht gheimhriúil is mó a thit sa tréimhse ón 7ú go dtí an 10ú lá, le flichshneachta nó sneachta ag titim go forleathan ar an 7ú agus an 8ú lá, le ceathanna cloichshneachta nó sneachta ina ndiaidh.


Bhí na hiomláin de thaitneamh gréine os cionn an mheáin don mhí ach i gcodanna den iardheisceart. Bhí na laethanta ba ghriannmhara ag formhór na stáisiún le linn na chéad seachtaine.

► MÁRTA 2007

Bog an chuid is mó den mhí le sioc talún go minic; griannmhar le fliuchras i ngar don mheán

Bhí aimsir bhog ann an chuid is mó de mhí Márta, ach bhí tréimhsí gearra fuara ann le ceathanna geimhriúla cloichshneachta agus sneachta. Bhí coinníollacha glana ann formhór na laethanta agus na hiomláin de thaitneamh gréine níos airde ná mar is gnách, ach bhí sioc talún ann go minic, go háirithe ag na stáisiún intíre. Bhí na meánteochtaí air níos airde ná an meán i ngach áit, go háirithe san iarthar, ach cé go raibh meán-uasteochtaí don mhí timpeall céim níos airde ná mar is gnách i ngach áit, bhí na meán-íosluachanna níos ísle ná mar is gnách san oirthear agus i lár tíre. Bhí idir 19 agus 26 sioc talún san iomlán ann ag formhór na stáisiún intíre i





gcomparáid le idir 12 agus 14 ar an meán i mí an Mhárta; bhí an t-iomlán i gCill Chainnigh, 26 sioc talún i rith na míosa, níos airde ná mar a bhí mí an Mhárta ar bith ó osclaíodh an stáisiún i 1957, agus bhí an mheán-íosteocht, 1.9°C níos ísle ná Márta ar bith ó 1987.

Tríd is tríd, bhí na hiomláin bháistí don mhí gar don mheán, le céatadán idir 70% den mheán ag Cionn Mhálanna agus 112% i gCill Chainnigh. Thit formhór na báistí sa chuid luath den mhí, agus rinne a lán stáisiún an lá ba fhliche a bhí acu a thairfeadh idir an 5ú agus an 11ú lá. Bhí idir 11 agus 19 lá fliuch ann i rith na míosa sa mhórchuid den tír (laethanta le 1mm báistí nó níos mó), gar don mheán do mhí an Mhárta, ach níor thairfeadh ach 8 lá fhliucha ag Ros Láir.

Mí ghrianmhar a bhí ann i ngach áit, le hiomláin de thaitneamh gréine idir 15% agus 45% níos airde ná mar is gnáth go ginearálta. Tréimhse ghrianmhar a bhí ann ón 24ú go dtí an 31ú lá go háirithe, sa leath thiar den tír go speisialta. Bhí an 11 uair an chloig a thairfeadh in Aerfort na Sionnaine ar an 28ú lá ar an taitneamh gréine b'airde a thairfeadh ag an stáisiún i mí Eanáir ón mbliain 1970 i leith.

► AIBREÁIN 2007

An mhí Aibreáin ba theo agus ba ghrianmhaire ar thairfeadh; tirim ar feadh fhormhór na míosa

Bhí ardbhrú láraithe in aice leis an tír nó os a cionn ar feadh mhí Aibreáin go léir nach mór, agus mí eisceachtúil a bhí inti, grianmhar, te agus tirim i ngach áit. Bhí meánteochtaí aeir idir 10°C agus 11.5°C i rith na míosa agus iad timpeall trí chéim níos airde ná mar is gnáth go ginearálta; is gnáthaí réimse teochtaí mar seo a bheith ann i mí na Bealtaine.

Ba í seo an mhí Aibreáin ba theo a bhí ar thairfeadh i mbeagnach gach áit, lena n-áirítear na stáisiúin fhadtéarmacha i mBiorra, i gCionn Mhálanna agus i mBaile Átha Cliath (Páirc an Fhionnuisce), mar ar cuireadh tús leis na tairfid níos mó ná céad bliain ó shin. Bhí meánteocht Pháirc an Fhionnuisce, 11.2°C, céim iomlán níos airde ná an meánluach ba airde a thairfeadh roimhe sin i mí Aibreáin, 10.2°C a thairfeadh i 1987 agus in 1865 faoi seach. In ainneoin na luachanna arda míosúla, áfach, thit na híosteochtaí go mór ar oícheanta éagsúla faoi spéartha glana agus thairfeadh idir 12 agus 18 sioc talún ag stáisiúin intíre, timpeall aon trian níos mó ná mar is gnáth do mhí Aibreáin.

Bhí na hiomláin de fhluchrais mhíosúla i bhfad níos ísle ná mar is gnáth ach amháin san

iarthuaisceart. Tar éis na haimsire tirime a bhí ann den chuid is mó sa tseachtain dheireanach de mhí an Mhárta, níor thairfeadh fliuchras intomhaiste i roinnt stáisiún go dtí an 22ú lá den mhí seo. Ba í seo an mhí Aibreáin ba thirime ar thairfeadh in Aerfort na Sionnaine agus in Aeradróm Mhic Easmainn araon, agus i mórán stáisiún eile ba í ba thirime le idir 10 agus 27 bliain. Níor tomhaiseadh ach idir 2 agus 6 lá fhliucha (laethanta le 1mm báistí nó níos mó), agus thairfeadh fliuchras iomlán na míosa nach mór idir an 21ú agus an 25ú lá. Mhéadaigh easnamh tairfigh san ithir go mór i rith na míosa; bhris tinte aittinn amach in áiteanna éagsúla ar fud na tíre mar gheall ar na coinníollacha an-tirime.

Don dara hAibreán as a chéile, bhí iomláin eisceachtúla arda de thaitneamh gréine ann. Ba í seo an mhí Aibreáin ba ghrianmhaire ar thairfeadh beagnach gach áit, le hiomláin mhíosúla a bhí timpeall 50% níos airde ná mar is gnáth, tríd is tríd.

► BEALTAINÉ 2007

Te agus grianmhar i ngach áit; níos tirime ná mar is gnáth i bhformhór na tíre

Lean coinníollacha eisceachtúla tirime, teo agus grianmhara mhí Aibreáin ar aghaidh sa chuid luath den mhí seo, ach d'éirigh siad míshocair tar éis na chéad seachtaine. Bhí iomláin de fhluchrais na míosa níos ísle ná mar is gnáth go ginearálta, áfach, agus ar nós mhíonna eile an earraigh, bhí sé níos grianmhaire agus níos teo ná mar is gnáth i ngach stáisiún.

Bhí meánteochtaí aeir mhí Bealtaine timpeall leathchéim níos airde ná mar is gnáth i gcodanna de lár tíre, ach níos gaire do dhá chéim níos airde ná mar is gnáth san oirdheisceart. Ba í seo an Bealtaine ba theo le idir 6 agus 9 mbliana i mórán áiteanna. D'éirigh teochtaí lae os cionn 20°C i gceantair lár tíre agus san iarthar idir an 1ú agus an 4ú lá, agus rinneadh an aimsir ba theo sa mhí a thairfeadh ar an 17ú lá, nuair a tomhaiseadh uasmhéideanna os cionn 25°C sa deisceart; thairfeadh 22.3°C i Ros Láir ar an lá seo, an luach is airde do mhí Bealtaine ó osclaíodh an stáisiún i 1956. I gcodarsnacht leis sin, thairfeadh sioc annamh dhéanach aeir i mBiorra ar an 29ú lá den mhí, agus rinneadh idir 9 agus 13 shioc talún a thairfeadh i stáisiúin intíre, dhá oiread an ghnáthuimhir do mhí Bealtaine.

Bhí na hiomláin fliuchrais idir 60% agus 90% den mheán i bhformhór chúigí Laighean agus na Mumhan, ach bhí na hiomláin os cionn an mheáin i gcodanna den tuaisceart agus den

iarthar. Ní raibh aon titim ard laethúil ann, ach tomhaiseadh os cionn 50mm báistí i gCionn Mhálanna sa tréimhse 5 lá idir an 16ú agus an 20ú lá. Taifeadh idir 10 agus 17 lá fhliucha i rith na míosa (laethanta le 1mm báistí níos mó), beagán níos lú ná an meán do mhí Bhealtaine.

Bhí na hiomláin de thaitneamh gréine ard ag gach stáisiún agus tríd is tríd ba í seo an Bhealtaine ba ghrianmhaire le 6 nó 7 mbliana. Taifeadh os cionn deich n-uaire an chloig de thaitneamh gréine go forleathan sna tréimhsí ón 1ú go dtí an 4ú lá, ón 19ú go dtí an 21ú, agus ón 27ú go dtí an 29ú lá.

► MEITHEAMH 2007

An-fhliuch san oirthear agus sa deisceart; níos teo agus níos grianmhaire san iarthar

Cé go raibh seachtain d'aimsir an-tirim the ghrianmhar i ngach áit idir an 4ú agus an 11ú lá, ba mhí an-fhliuch í mí an Mheithimh i bhformhór na tíre le hiomláin de thaitneamh gréine níos ísle ná mar is gnách, agus bhí na meánteochtaí b'airde i gceantair san iarthar. Rinneadh níos mó ná dhá oiread an gnáthfhuichras do mhí an Mheithimh a thaifeadh san oirthear agus sa deisceart, agus bhí an Meitheamh ba fhliche i gCill Chainnigh ó cuireadh tús le taifeadh ansin i 1957, le níos mó ná trí oiread an ghnáthiomláin á thaifeadh. Bhí tuilte áitiúla ann ar laethanta éagsúla mar gheall ar bháisteach throm, agus toirneach uaireanta. Ba í titim 31mm an 15ú lá i gCill Chainnigh an titim b'airde ar taifead do mhí an Mheithimh, agus bhí titim 90 nóiméad de 26mm san áireamh i dtitim laethúil de 53mm Bhaile Átha Cliath (Páirc an Fhionnuisce) ar an 22ú lá le linn stoirm thoirní. Taifeadh titim 60 nóiméad 29mm sa Mhuileann Cearr ar an 13ú lá; ní bheifí ag súil lena leithéid ach uair amháin gach 50 bliain. Bhí 10 lá fhliucha ag Cionn Mhálanna i rith na míosa (laethanta le 1mm báistí nó níos mó), ach taifeadh idir 13 agus 19 lá fhliucha i bhformhór na stáisiún, i gcomparáid le gnáthréimse idir 11 agus 14 lá do mhí an Mheithimh.

Bhí meánteochtaí aeir idir 13°C agus 15°C ann, timpeall céim níos airde ná an meán tríd is tríd. Bhí an chéad leath den mhí te, go háirithe san iarthar, ach bhí teochtaí ag an meán nó faoina bhun sa chuid is mó den dara leath den mhí. D'éirigh teochtaí lae os cionn 20°C gach lá i mórán ceantar i lár tíre agus san iarthar i rith na tréimhse ón 5ú go dtí an 12ú lá; bhí meánteocht 14.6°C níos airde ná aon taifead do mhí an Mheithimh ó thosaigh an taifeadh ansin i 1956. I gcodarsnacht leis sin, bhí sioc talún sa Mhuileann gCearr mar gheall ar oícheanta fuara i

dtreo dheireadh na míosa.

Bhí an-éagsúlacht sna hiomláin de thaitneamh gréine ar fud na tíre, taifeadh na hiomláin is airde sa tuaisceart agus san iarthar; cé go raibh an mhí an Mheithimh ba ghrianmhaire i gCionn Mhálanna ón mbliain 1996 ann, ba í an mhí ba mharbhánta ann i mórán stáisiún eile le idir 5 agus 10 mbliana.

► IÚIL 2007

Mí an-fhliuch arís san oirthear agus sa deisceart; fionnuar ach grianmhar den chuid is m

Tar éis aimsir an-fhliuch ar feadh fhormhór an Mheithimh in oirthear agus i ndeisceart na tíre, bhí iomláin eisceachtúla arda fliuchrais sna ceantair chéanna arís i mí Iúil. Mar a tharla an mhí roimhe sin, d'fhan an brú ard i bhfad ó dheas ón tír, agus lean lagraigh a chéile gan staonadh thar an tír lena gcóras frontaí go dtí beagnach deireadh na míosa. Bhí tréimhsí báistí nó ceathanna ann gach lá, le fliuchras trom agus tuilte go háitiúil, agus bhí stoirmeacha tréana toirní ann chomh maith le tuairiscí faoi thornádonna ar laethanta áirithe. Tomhaiseadh 1mm báistí gach lá ag ceann nó níos mó de na stáisiún sa tréimhse idir an 11 Meitheamh agus an 29 Iúil - 49 lá san iomlán.

Go dtí seo (Meitheamh agus Iúil) tá na hiomláin fliuchrais níos mó ná 250% den mheán thar codanna de chúige Laighean; is í iomlán Bhaile Átha Cliath (Páirc an Fhionnuisce), 297mm don dá mhí an t-iomlán is airde don tréimhse seo sa taifead 170 bliain atá ann. Tá na hiomláin don tréimhse seo níos mó ná trí huair chomh mór le meán Iúil i gcodanna de Bhaile Átha Cliath agus ba í seo an mhí Iúil ba fhliche le idir 19 agus 47 bliain i go leor áiteanna. Taifeadh idir 14 agus 25 lá fliuch (laethanta le 1mm báistí nó níos mó) i gcomparáid le gnáthréimse idir 9 agus 14 do mhí Iúil. Bhí meánteochtaí aeir in aice leis an ngnáth-theocht nó beagán faoi go ginearálta agus ba í seo an chéad mhí ó mhí an Mhárta 2006 nach raibh na teochtaí os cionn ghnáth-theochtaí 1961-1990 ag gach stáisiún.

Ba bheag an éagsúlacht a bhí i dteochtaí i rith na míosa; bhí siad in aice leis an ngnáth-theocht nó faoi ar feadh na míosa iomláine, agus b'annamh a chuaigh na huasteochtaí laethúla os cionn 20°C.

Cé go raibh tréimhsí báistí ann go minic, bhí na hiomláin de thaitneamh gréine os cionn an mheáin i ngach áit agus ba mhí an-ghrianmhar í i gcontaetha cois cósta san iarthar agus sa tuaisceart. Bhí iomlán 212 uair an chloig i gCionn Mhálanna, an t-iomlán is airde do mhí Iúil ón mbliain 1955. Ba ar na trí lá dheireanacha sa mhí



a bhí an aimsir ba ghrianmhaire sa mhí.

► LÚNASA 2007

Mar a bhí sa dá mhí a chuaigh roimpi, bhí na hiomláin fliuchrais do mhí Lúnasa os cionn an mheáin os cionn an leath thoir den tír, agus na luachanna ba airde i gcomparáid le gnáthluacha sna stáisiúin i gCúige Laighean. Briseadh patrún na gcóras frontach Atlantacha a bhí ag trasnú na tíre, a bhí i gceannas ar an gcuid is mó d'aimsir an tsamhraidh seo, sa tríú cuid dheireanach den mhí, áfach nuair a shocraigh frithchíoclón mór ar an taobh thiar d'Éirinn, agus bhí coinníollacha tirime ann den chuid is mó dá thoradh sin. Ba í seo an mhí Lúnasa ba fhliche le idir 6 agus 10 mbliana i roinnt de na stáisiúin, ach bhí gnáthréimse laethanta fliucha taifeadta i rith na míosa (laethanta le 0.2mm báistí nó níos mó), idir 13 agus 20 lá. Bhí tuilte i gceantair áirithe mar gheall ar thitim throm bháistí agus stoirmeacha toirní i dtreo lár na míosa.

Bhí meánteochtaí aeir na míosa timpeall leathchéim níos airde ná mar is gnách i bhformhór na stáisiún, ach ina ainneoin sin ba í seo an mhí Lúnasa ba fhionnuaire le idir 6 agus 13 bliana tríd is tríd. Bhí teochtaí lae níos ísle ná mar is gnách le linn cuid mhaith den tréimhse aimsire neamshocair a bhí ann timpeall lár na míosa, ach bhí luachanna oíche in aice leis an ngnáth-theocht ar feadh an ama. Rinne gach stáisiún na teochtaí is airde sa mhí a thaifeadadh ar an 3u lá nó sa tréimhse idir an 22ú agus an 25ú lá, ach níor tugadh luachanna os cionn 20°C faoi deara ach ar feadh timpeall 5 lá i bhformhór na stáisiún. Bhí iomláin de thaitneamh gréine gar don ghnáthluach gach áit, agus thomhais formhór na stáisiún na luachanna laethúla ba airde ar an 7ú nó ar an 22ú lá.

► MEÁN FÓMHAIR 2007

Níos tírime ná mar is gnách i ngach áit; te agus griannmhar den chuid is mó

Tar éis aimsir an-fhliuch an tsamhraidh, bhí iomláin fliuchrais mhí Mheán Fómhair níos ísle ná mar is gnách i ngach áit. Bhí tionchar ceannasach ag brú ard ar feadh an chéad leath den mhí agus arís sa tseachtain dheireanach, le haimsir a bhí tirim den chuid is mó agus le gaotha a bhí níos éadroime ná mar is gnách. Bhí iomláin an fhliuchrais díreach os cionn leath an ghnáthleibhéil i mórán áiteanna, ach ní raibh aon stáisiún chomh híséal le mí thirim eisceachtúil Mheán Fómhair 2002. Taifeadadh formhór an fhliuchrais don mhí idir an 16ú agus an 24ú lá, agus bhí báisteach throm in áiteanna ar an 16ú agus ar an 21ú lá. Bhí idir 6 agus 12 lá fhliucha ann i rith na míosa (laethanta le 1mm báistí nó

níos mó), timpeall leath ghnáthlíon mhí Mheán Fómhair.

Cé go raibh meánteochtaí aeir na míosa os cionn na gnáth-theochta i ngach áit, timpeall leathchéim tríd is tríd, ba í seo fós an mhí Mheán Fómhair ba fhionnuaire le idir 5 agus 13 bliana ag formhór na stáisiún. Mar a léiríonn cairteacha teochtaí laethúla ar leathanach 2, bhí an chéad leath den mhí tirim, ach thit luachanna lae agus oíche go mór sa dara leath, go háirithe sa tseachtain dheireanach. Bhí sioc talún forleathan ann ar an 18ú lá, rud neamhghnách do mhí Mheán Fómhair, agus le linn na tréimhse ón 26ú go dtí an 27ú lá; bhí teochtaí aeir agus talún de -1.1°C agus -6.6°C i mBiorra ar an 27ú lá, an luach is ísle atá ar taifead sa stáisiún.

Bhí iomláin de thaitneamh gréine i ngar don mheán san oirthear, ach níos airde ná mar is gnách tríd is tríd, go háirithe san iardheisceart; ba í seo an mhí Mheán Fómhair ba ghrianmhaire le idir 5 agus 11 bliana i roinnt stáisiún. Bhí an lá Mheán Fómhair ba ghrianmhaire le os cionn 50 bliain den taifead sa Mhuileann gCearr agus in Aerfort na Sionainne ar an 7ú lá.

► DEIREADH FÓMHAIR 2007

An mhí Dheireadh Fómhair ba thirime le 30 bliain in áiteanna; te agus griannmhar den chuid is mó

Bhí tionchar ceannasach ag brú ard ar aimsir na hÉireann i mí Dheireadh Fómhair, le coinníollacha a bhí tirim den chuid is mó agus gaotha éadroma. Gaotha aneas a bhí ann tríd is tríd, agus thug siad aer te thar an tír formhór an ama. Sna tréimhsí gearra aimsire a bhí fliuch bhí an fliuchras is mó i gceantair san iarthar agus san iardheisceart, ach bhí iomláin an fhliuchrais don mhí níos ísle ná mar is gnách i ngach áit. Taifeadadh níos lú ná leath an ghnáthfhliuchrais do mhí Dheireadh Fómhair sa leath thoir den tír agus ba í seo an mhí Dheireadh Fómhair ba thirime le idir 35 agus 38 mbliana i roinnt stáisiún. Bhí líon na laethanta fliucha a thaifeadadh i rith na míosa (laethanta le 1mm báistí nó níos mó) faoin ngnáthleibhéal freisin i ngach áit; bhí idir 5 agus 9 lá fhliucha ag formhór na stáisiún, ach tomhaiseadh idir 12 agus 14 lá fliuch ag stáisiúin feadh chósta an Atlantaigh.

Bhí na meánteochtaí aeir don mhí idir céim agus dhá chéim níos airde ná mar is gnách ar fud fhormhór na tíre.

Bhí na meánluachanna idir 11°C agus 13°C do mhí Dheireadh Fómhair cosúil le luachanna na mblianta beaga roimhe seo, ach bhí an

mheánteocht i mBéal an Mhuirthead, 13.1°C do Dheireadh Fómhair níos airde ná aon taifead ó tosaíodh ar iad a choinneáil ansin i 1956. Ní raibh sioc aeir ann ach sa tréimhse 24/25ú lá, ach níor thairfead formhór na stáisiún cósta sioc aeir ná talún le linn na míosa.

Bhí iomláin de thaitneamh gréine níos mó ná an gnáthleibhéal beagnach gach áit, ach mí mharbhánta go leor a bhí ann i ndeisceart na Mumhan. Ba é an tréimhse idir an 4ú agus an 6ú lá an tréimhse ba thirime i rith na míosa; ba é luach 10.5 uair an chloig de thaitneamh gréine i Ros Láir an 4ú luach is airde do Dheireadh Fómhair ó osclaíodh an stáisiún i 1956.

► SAMHAIN 2007

An-bhog agus tirim; marbhánta ach amháin sa deisceart

Cosúil leis an dá mhí eile san fhómhar, bhí brú ard ceannasach in aice le hÉirinn nó os a cionn a thug coinníollacha aimsire dúinn a bhí tirim den chuid is mó le gaotha éadroma. Bhí tréimhsí gearra aimsire ann freisin a bhí fliuch agus gaofar timpeall lár na míosa agus sna laethanta deiridh freisin, agus mí scamallach a bhí inti ar an iomlán, go háirithe sa tuaisceart agus san oirthear. Bhí meánteochtaí aeir na míosa, idir 8°C agus 11°C, timpeall dhá chéim níos airde ná mar is gnách tríd is tríd agus beagnach trí chéim níos airde ná an gnáth-theocht in áiteanna. Ba í seo an tSamhain ba theo le idir 5 agus 13 bliana tríd is tríd agus an tSamhain ba theo ar an taifead i mBéal an Mhuirthead, mar ar tosaíodh na breathnadóireachtaí i 1956. Thosaigh an mhí le haimsir eisceachtúil the, agus taifeadadh uasteochtaí níos airde ná riamh i gCill Chainnigh agus i gCluain Eois araon ar an 1ú lá. Taifeadadh 2 nó 3 shioc air i rith na míosa ag formhór na stáisiún intíre, ach ní raibh sioc sna ceantair chósta.

Bhí na hiomláin fliuchrais níos ísle ná mar is gnách i ngach áit, agus níor thit ach idir 50% agus 75% den ghnáthlón i mórán stáisiúin. Is beag an méid báistí a tomhaiseadh i bhformhór n-áiteanna idir an 1ú agus an 16ú lá agus arís idir an 20ú agus an 27ú lá, ach bhí titim throm ann ó am go ham chomh maith. Ba i dtréimhse an 17ú/18ú lá a bhí na laethanta ba fhliche. Bhí líon na laethanta fliucha (laethanta le 1mm báistí nó níos mó) i rith

na míosa i bhfad níos ísle ná mar is gnách do mhí na Samhna; níor taifeadadh ach idir 9 agus 12 lá fliucha tríd is tríd, i gcomparáid le gnáthraon idir 13 agus 20 lá.

Bhí an-éagsúlacht sna hiomláin de thaitneamh gréine ar fud na tíre i rith na míosa. Tomhaiseadh 12% níos mó taitnimh ghréine in Aerfort Chorcaí ná mar is gnách, ach i gCionn Mhálanna ní raibh ann ach 15 uaire an chloig san iomlán, díreach 33% den ghnáthlón, an t-iomlán is ísle ó tosaíodh ar thaitneamh gréine a thomhas ansin i 1915.

► NOLLAIG 2006

Bog, go háirithe san iardheisceart; níos fliche ach níos griannmhaire ná mar is gnách

Bhí coinníollacha míshocra ann ag tús agus ag deireadh mhí na Nollag, mar gheall ar lagraigh amach ó chósta an iardheisceart, ach bhí aimsir mhaith ann timpeall lár na míosa mar gheall ar bhrú ard in aice na tíre. Taifeadadh gaotha láidre i bhformhór na stáisiún i rith na chéad seachtaine agus arís idir an 26ú agus an 29ú lá, ach tréimhse measartha ciúin a bhí ann timpeall lár na míosa. Bhí iomláin an fliuchrais níos airde sa leath thiar den tír, le titim throm ó am go ham idir an 1ú agus an 9ú lá, le toirneach uaireanta, agus idir an 23ú agus an 28ú lá chomh maith. Is beag báistí a tomhaiseadh i mórán stáisiún idir an 10ú agus an 21ú lá, má tomhaiseadh báisteach ar bith, agus bhí líon iomlán na laethanta fliucha i rith na míosa (laethanta le 1mm báistí nó níos mó) gar don ghnáthleibhéal do mhí na Nollag, idir 13 agus 20 lá.

Bhí sé bog an chuid is mó den mhí, go háirithe sa chéad seachtain, ach thit íosteochtaí gar don mheán nó faoina bhun idir an 17ú agus an 25ú lá, agus bhí sioc talún fhorleathan ann. Ní raibh sioc aeir ar bith ag formhór na stáisiún cósta i rith na míosa, agus le idir 4 agus 6 lá de shioc aeir taifeadta sna stáisiúin intíre ní raibh ansin ach leath ghnáthlón mhí na Nollag. B'eisceacht é an Muileann gCearr, mar ar tomhaiseadh 10 sioc aeir.

Bhí iomláin de thaitneamh gréine níos airde ná an meán i bhformhór na n-áiteanna; b'ionann iomlán Aerfort Bhaile Átha Cliath, 71 uair an chloig, agus níos mó ná leath an lín a taifeadadh i gcodanna den iarthar agus den deisceart.



Achoimre ar Aimsir na hÉireann - 2007

An bhliain ba theo ar taifead in áiteanna; níos grianmhaire ná mar is gnách i ngach áit agus tirim sa deisceart

Bhí na meánteochtaí aeir don bhliain níos mó ná céim os cionn na gnáth-theochta don tréimhse 1961-1990. Tharla sé seo in ainneoin an tsamhraidh a bhí measartha fionnuar, go háirithe sa leath thoir den tír. Ba í seo an bhliain ba theo atá ar taifead i stáisiúin fhadtéarmacha Réadlann Dhairbhre agus Chionn Mhálanna mar ar cuireadh tús le taifid inchomparáide i 1892 agus 1885 faoi seach. Ba í an bhliain ba theo ar taifead í i mBéal an Mhuirthead, Ros Láir agus Cill Chainnigh chomh maith, mar ar cuireadh tús le taifid i lár na 1950í, agus an bhliain ba theo ó 1949 i mBiorra. Ba í an mhí Aibreáin ba theo í i bhformhór na stáisiún, agus bhí míonna an fhómhair idir Meán Fómhair agus Samhain eisceachtúil freisin mar gheall ar an teocht. Ba í mí Iúil an t-aon mhí a raibh na meánteochtaí faoi bhun an ghnáthleibhéil i bhformhór na tíre. Rinneadh na teochtaí is airde a thaifeadadh measartha luath sa bhliain: i rith na tréimhse 9 go 11 Meitheamh i mórán áiteanna agus ar an 17 Bealtaine in aice leis na cóstaí sa deisceart agus san oirdheisceart. Taifeadadh na teochtaí aeir agus talún is ísle sa bhliain ag beagnach gach stáisiún le linn tréimhse aimsire fuair idir an 5ú agus an 8ú Feabhra.

Bhí iomláin an fhuachrais bhliantúil os cionn an gnáthleibhéil sa chuid is mó de chúige Laighean, ach i bhfad níos ísle ná an gnáthleibhéil in aice le cóstaí an deiscirt agus an oirdheiscirt. Bhí dáileadh an fhuachrais an-mhíchothrom i rith na bliana. Bhí tréimhse an tsamhraidh, Meitheamh, Iúil agus Lúnasa an-fhuach go háirithe sa leath thoir den tír, mar ar taifeadadh níos mó ná dhá oiread an ghnáthfhuachrais samhraidh i gcuid de na stáisiúin. Bhí míonna an fhómhair an-tirim áfach agus ba é seo an fómhar ba thirime le níos mó ná 30 bliain i mórán áiteanna. Mí an-tirim ba ea mí Aibreáin chomh maith, le iomláin mhíosúla níos lú ná 10mm i gceantair áirithe san oirthear. Tharla an titim báistí ba throime sa bhliain ag formhór na stáisiún le linn stoirmeacha toirní i míonna an tsamhraidh, go háirithe i mí an Mheithimh agus i mí Lúnasa. Bhí líon bliantúil na laethanta báistí (laethanta le 1mm báistí nó níos mó) in aice leis an ngnáthleibhéil nó faoina bhun tríd is tríd, ag 153 i Ros Láir agus 260 ag Aerfort Chnoc Mhuire. Bhí iomláin an fhuachrais bhliantúil os cionn an ghnáthleibhéil i ngach áit agus bhí an bhliain ba ghrianmhaire ó 1968 ag Cionn Mhálanna agus ag Béal an Mhuirthead. Ba iad míonna an earraigh, Márta, Aibreán agus Bealtaine na míonna ba ghrianmhaire i gcomórtas leis an ngnáthleibhéil, agus bhí mí an Mheithimh agus mí Dheireadh Fómhair measartha marbhánta. Bhí luas eisceachtúil íseal ag an ngaoth i rith na bliana, agus bhí an luas is ísle atá ar taifead i Ros Láir. Taifeadadh an séideán ba láidre sa bhliain i mBéal an Mhuirthead, 81 muirmhíle san uair (150km/u) ar an 20 Eanáir, agus ba é an séideán 80 muirmhíle san uair (148km/u) an séideán b'airde sa stáisiún ó osclaíodh é i 1941.

Contae/ Stáisiún	Fliuchras (mm)				Teocht (°C)			Taitneamh Gréine (uaireanta an chloig)				Líon laethanta le						
	Iomlán	% den meán	An líon laethúil is mó	Líon Dáta(f)	Meán	Difríocht aon meán	Buaicphointí Ard Íseal	Iomlán	% den meán	An líon laethúil is mó	Líon Dáta(f)	Báiteach	Sneacht	Stoc aeir Cloiche-ineacha	Thunder	Fog	Gale gusts	
Co. an Chláir Aerfort na Sionainne	921.5	99	33.6	6 Dec	11.3	+1.2	25.0 -3.6	4.02	100	14.8	7 Jun	207	2	13	18	6	31	61
Co. Chorcaí Aerfort Chorcaí	1057.4	86	31.7	19 Feb	10.7	+1.3	23.5 -1.5	4.47	86	14.8	30 Jul	200	3	7	5	2	83	67
Co. Dhún na nGall Cionn Mhálanna	1071.6	103	29.0	27 Oct	10.7	+1.4	20.5 -2.0	4.02	103	15.6	6 Jun	235	11	2	28	3	16	145
Co. Bhaile Átha Cliath Aerfort Bhaile Átha Cliath	761.0		30.1	3 Jun	10.3		22.8 -4.8	4.27	101	14.6	9 Jun	189	5	23	6	9	25	71
Aerdróm Mhic Easmuinn	811.3	111	35.1	3 Jun	10.5	+1.2	23.2 -6.4	3.98	111	15.2	29 May	190	5	24	9	10	17	72
Co. Chiarraí Réadlann Dhairbhre	1351.7	97	46.9	2 Jun	11.8	+1.4	23.3 -0.5	3.98	97	15.4	4 Jun	233	1	1	18	3	18	70
Co. Chill Chainnigh Cill Chainnigh	879.5	107	30.9	15 Jun	10.8	+1.5	25.2 -5.8	4.19	107	14.7	7 Jun	189	-	33	-	-	-	35
Co. Mhaigh Eo Béal an Mhuirthead	1140.6	104	28.3	18 Nov	11.4	+1.5	25.1 -2.5	4.15	104	15.2	4 Jun	253	6	5	32	7	23	127
Aerfort Chnoc Mhuire	1346.0		30.6	16 Sep	9.5		23.5 -3.3	3.65		15.6	4 Jun	260	13	10	9	5	132	70
Co. Mhuineacháin Cluain Eois	912.4	99	19.8	17 Nov	10.1	+1.3	25.9 -6.5	3.71	99	14.0	1 May	217	-	25	-	-	-	39
Co. Uíbh Fhailí Biorra	862.9	106	41.1	11 Aug	10.6	+1.3	25.6 -5.6	3.75	106	14.8	7 Jun	209	-	31	-	-	-	33
Co. Na hIarmhí An Muileann gCearr II	977.1	105	28.7	13 Jun	10.0	+1.2	24.0 -6.2	3.99	106	15.1	29 May	213	-	40	-	-	-	27
Co. Loch Garman Ros Láir	756.9	86	31.0	3 Jun	11.3	+1.2	22.3 0.4	4.91	85	15.2	6 Jun	153	-	0	-	-	-	102

Súil Siar ar an Aimsire Dhomhanda i 2007

Teochtaí Domhanda

Bhí an teocht dhomhanda bhliantúil do dhromchlaí comhcheangailte talún agus aigéin i 2007 +0.55°C os cionn an mheáin don 20ú haois, agus é rangaithe mar an 5ú tréimhse ba theo ar taifead. Mar gheall ar láithreach leanúnach choinníollacha La Niña i mí na Nollag ar an teocht dromchla dhomhanda bhí rangú beagán níos ísle ann don bhliain ina hiomláine. Bhí meánteochtaí talún domhanda 1.02°C agus teochtaí aigéin 0.38°C os cionn an mheáin, agus rangáitear iad ar an luach is teo agus an naoú luach is teo, faoi seach. Rangaíodh teochtaí talún agus aigéin don Leathsféar Thuaidh agus don Leathsféar Theas ar an dara agus an deichiú is teo faoi seach. Mar a phléitear sa roinn Treochtaí Teochta thíos, tharla seacht gcinn den ocht mbliana is teo ar taifead ón mbliain 2001 i leith, cuid d'ardú teochtaí de níos mó ná 0.6°C ón mbliain 1900. Le tríocha bliain anuas, tá ráta téimh na dteochtaí domhanda timpeall trí huaire níos mó ná treocht scála an chéid.

10 mBliana is Teo go Domhanda	Aimhrialtacht (°C)
2005	0.60
1998	0.58
2002	0.56
2003	0.56
2007	0.55
2006	0.54
2004	0.53
2001	0.49
1997	0.46
1995	0.40

Thosaigh 2007 le tréimhse lag te (El Niño) ENSO a d'fhorbair go déanach sa bhliain 2006, ach a d'athraigh láithreach go tréimhse neodrach le linn Fheabhra 2007, ag leanúint mar thréimhse neodrach go dtí an samhradh tuaisceartach. I rith mí Lúnasa, bhí aimhrialtachtaí teochtaí dromchla farraige (TDF) níos fionnuaire ná an meán sna réigiúin 1+2 agus 3 Niño, an chéad chomhartha go raibh teagmhas fuar ag forbairt (La Niña). Neartaigh na coinníollacha La Niña i mí Dheireadh Fómhair nuair a lean aimhrialtachtaí TDF ag laghdú sa Niño 3.4. Faoi dheireadh mhí na Nollag, bhí coinníollacha La Niña de neart measartha ar fáil ar fud an Aigéin Chiúin mheánlíne. Is dóchúil go leanfaidh an teagmhas

La Niña seo ar aghaidh go dtí go luath sa bhliain 2008, dar leis an bhfaisnéis is déanaí ó Ionad Réamhaisnéis Aeráide NOAA.

Eanáir - Nollaig	Aimhrialtacht	Rangú	An Bhliain ba theo ar Taifead <small>(nó an dara bliain ba theo)</small>
DOMHANDA			
Talamh	+1.02°C	Is teo	2005 (+0.97°C)
Aigéan	+0.38°C	9ú is teo	2003 (+0.48°C)
Talamh & Aigéan	+0.55°C	5ú is teo	2005 (+0.60°C)
LEATHSFÉAR THUaidh			
Talamh	+1.19°C	Is teo	2005 (+1.03°C)
Aigéan	+0.42°C	7ú is teo	2005 (+0.54°C)
Talamh & Aigéan	+0.71°C	7ú is teo	2005 (+0.72°C)
SOUTHERN HEMISPHERE			
Talamh	+0.50°C	8ú is teo	2005 (+0.82°C)
Aigéan	+0.35°C	10ú is teo	1998 (+0.50°C)
Talamh & Aigéan	+0.37°C	10ú is teo	1998 (+0.53°C)

Is ionann an mheánteocht chomhcheangailte bhliantúil talún agus aigéin 1901-2000 agus 13.9°C, is ionann an mheánteocht bhliantúil talún don tréimhse céanna agus 8.5°C, agus is ionann an mheánteocht dromchla farraige bhliantúil agus 16.1°C.

Treochtaí Teochta


Sa chéad seo caite, d'ardaigh teochtaí dromchla domhanda ag ráta beagnach 0.05°C gach deich mbliana, ach tá an treocht seo méadaithe go ráta timpeall 0.15°C/deich mbliana le 25-30 bliain anuas. Bhí dhá thréimhse leanúnacha den téamh ann, ceann a thosaigh timpeall 1910 agus ag críochnú timpeall 1945, agus an ceann is déanaí a thosaigh timpeall 1976. Tá teochtaí sa tréimhse téimh is déanaí ardaithe ag ráta atá inchomparáide le rátaí téimh a réamh-mheasadh don chéad seo chugainn, le harduithe leanúnacha ar gháis antropaigineacha ceaptha teasa.

Tá tomhais déanta freisin os cionn dhromchla an Domhain le 50 nó 60 bliain, ag baint úsáide as uirlisí i mbalúin (sondáil raidió) agus le satailítí le 29 bliain anuas. Tacaíonn na tomhais seo leis an anailís ar threochtaí agus ar éagsúlacht sa trópaisféar (ón dromchla go 10-16km) agus sa strataisféar (10-50 km os cionn dromchla an domhain).



Is é an tacar sonraí Táirgí Teochta Sondála Raidió Atmaisféarach um Meas Aeráide (RATPAC) an fhoinse in situ is fearr do thomhais aer uachtair chun staidéar a dhéanamh ar threochtaí teochta domhanda os cionn an dromchla.

Aimhrialtachtaí agus Treochtaí Domhanda in Situ Dromchla agus Lár-Trópaisféar (Ean-Nol)




Plota Aer Uachtair agus Dromchla RATPAC

Tugann sonraí a bailíodh agus a meánaíodh idir na leibhéil 850–300 mb (timpeall 5,000 go 30,000 troigh os cionn an dromchla) go bhfuil na treochtaí domhanda teochta sa trópaisféar láir cosúil le treochtaí i dteocht an dromchla; 0.12°C don dromchla agus 0.15°C don trópaisféar láir. Ó 1976 i leith, tá teochtaí lár an trópaisféir ag méadú ag ráta $0.18^{\circ}\text{C}/10$ mbliana. Don tréimhse Eanáir–Nollaig, bhí teochtaí domhanda lár an trópaisféir 0.45°C os cionn mheán 1971–2000 agus ba é sin an ceathrú leibhéal ba airde.

Ó 1979, tá úsáid á bhaint as tomhais satailíte ó phol go pol chun teochtaí sa trópaisféar agus sa strataisféar a thomhas. Déantar anailís ar shonraí Aonad Sondála Mithrithonnach (MSU) don NOAA in Ollscoil Alabama i Huntsville (UAH), Córais Chianbhraiteoireachta (RSS, Santa Rosa, California) agus Ollscoil Washington (UW). Léiríonn na breathnadóireachtaí seo go bhfuil an mheánteocht dhomhanda sa trópaisféar láir (an tsraith atá lárartha ag airde 2 go 6 mhíle, ach leis an strataisféar íochtair san áireamh), cé go léiríonn teicnící éagsúla anailíseacha treochtaí cosúla ach difriúla (féach thuas ar dheis).


I ngach cás tá na treochtaí dearfach. Léiríonn an anailís RSS treocht $0.12^{\circ}\text{C}/10$ mbl agus léiríonn anailís UAH treocht i bhfad níos ísle de $0.06^{\circ}\text{C}/10$ mbl. Nuair a dhéanann eolaithe ag Ollscoil Washington coigeartú orthu chun tionchair strataisféaracha a bhaint amach ón meán lár-trópaisféir RSS agus UAH a bhaint amach, méadaíonn na treochtaí go $0.18^{\circ}\text{C}/10$ mbl agus

Aimhrialtachtaí Bliantúla Teochta: Trópaisféar Láir agus Dromchla



Teochtaí Aer Uachtair agus Dromchla UW MSU

Aimhrialtachtaí Bliantúla Teochta: Trópaisféar Láir agus Dromchla




Teochtaí Aer Uachtair agus Dromchla UW MSU

0.13°C faoi seach. (Tá alt irise ar fáil a thugann tuairisc ar choigeartuithe Ollscoil Washington chun tionchar strataisféarach a bhaint amach ó mheán lár-trópaisféir). Tá na treochtaí sna sraitheanna ama MSU seo cosúil leis an treocht i dteochtaí dromchla domhanda, a mhéadaigh ag ráta beagnach $0.17^{\circ}\text{C}/10$ mbl sa tréimhse 29 bliain céanna.

Cé go léiríonn na teochtaí lár-trópaisféir treocht atá ag méadú le tríocha bliain anuas, bhí teochtaí strataisféaracha (14 go 22 km/ 9 go 14 mhíle os cionn an dromchla) faoin meán ó scaipeadh na tionchair ó bhrúchtadh Mt. Pinatubo i 1991 sa bhliain 1993. Tá na teochtaí strataisféaracha faoi bhun an mheáin comhleanúnach le hídiú an ózóin san atmaisféar íochtair agus le tionchair na gcomhchruinnithe méadaithe de gháis cheaptha teasa. Ba é brúchtadh bolcánach El Chichon ba chúis leis an méadú mór teochta i 1982, agus ba é brúchtadh Mt. Pinatubo sna Filipíní ba chúis le hardú 199

Annual Lower Stratospheric Temperature Anomalies



Annual Global Stratospheric Temperatures


Teochtaí Réigiúnacha

Tharla teochtaí níos airde ná an meán i rith na bliana i bhformhór na limistéar talún ar domhan, seachas aimhrialtachtaí níos fuair ná an meán sna codanna deisceartacha de Mheiriceá Theas. Bhí na haimhrialtachtaí níos teo ná an meán is mó ann sna réigiúin ard-domhanleithid sa Leathsféar Thuaidh, lena n-áirítear formhór Mheiriceá Theas, na hEorpa agus na hÁise. Bhí na haimhrialtachtaí teochta sna réigiúin seo idir 2.4°C os cionn mheán 1961-1990.

Cruthaíodh an léarscáil thíos ar chlé le sonraí ón Líonra Domhanda Clíomeolaíochta Stairiúil (GHCN), líonra de níos mó ná 7,000 stáisiún breathnadóireachta ar dhromchla na talún. Is táirge í an léarscáil thuas d'anailís chomhtháite ar aimhrialtacht teochta dromchla talún agus mara a d'fhorbair Smith agus Reynolds (2005). Déantar anailís ar leithligh ar aimhrialtachtaí teochta do 1961-1990 don talamh agus don aigéan agus comhtháitear iad ansin chun an anailís dhomhanda a chruthú. Tá breis faisnéise ar fáil faoin táirge seo.

Temperature Anomalies Jan-Dec 2007

(with respect to a 1961-1990 base period)




Annual Land Surface Temperature Anomalies in degrees Celsius

I measc na dteochtaí foircneacha i 2007 bhí tonn teasa a tharla i gcuid mhór de na Stáit Aontaithe le linn mhí Lúnasa. D'fhulaing Lár agus Oirdheisceart S.A.M go háirithe, agus fuair os cionn 50 duine bás mar gheall ar na teochtaí

Temperature Anomalies Jan-Dec 2007

(with respect to a 1961-1990 base period)



Annual Blended Land and Sea Surface Temperature Anomalies in degrees Celsius

foircneacha. Chuir an teas aimhrialta go mór le coinníollacha triomachta i réigiún an oirdheiscirt agus chuir sé chomh maith le 29 taifead uasteochta agus 35 íosteocht a bhí níos airde ná riamh.

Chlúdaigh an aimsir the an-chuid d'iarthar agus de lár na Rúise agus d'iardheisceart na hEorpa chomh maith le linn mhí na Bealtaine, agus Mheithimh-Iúil faoi seach. Taifeadh an teocht is airde do mhí Bealtaine ón mbliain 1891 i Moscó agus ba í seo an chéad uair le 128 bliain ina raibh teochtaí 30°C nó níos airde go leanúnach i bpríomhchathair na Rúise. Chuaigh teochtaí in oirdheisceart na hEorpa os cionn 40°C i mórán áiteanna, agus bhí éileamh níos mó ná riamh ar leictreachas dá bharr. Spreag na coinníollacha teo os cionn 130 tine agus maraíodh níos mó ná 500 duine.

Maraíodh 21 duine mar gheall ar fhrona fuar a chlúdaigh formhór na hAfraice Theas agus sáraíodh 54 taifead aimsire ar an 21-22 Bealtaine. Bhí formhór na dtaifead do na huasteochtaí agus na híosteochtaí laethúla b'ísle. Bhí teochtaí neamhghnácha fuara san Airgintín i mí Bealtaine agus ganntanas leictreachais agus gáis nádúrtha ann dá bharr. Bhuail tonn choscrach fuar cuid mhaith de na machairí láir, den Iarthar Láir, agus de réigiún an oirdheisceart de S.A.M. Thit teochtaí go mór faoin reophointe i mórán áiteanna agus briseadh beagnach 1,240 taifead teochta agus rinneadh damáiste mór do bharráí.




Fairsinge Oighear Farraiġe

Dar leis an Ionad Náisiúnta Sonraí Sneachta agus Oighir, shroich fairsinge oighear farraiġe an Leathsféir Thuaidh, a thomhaistear ó uirlisí éighníomhacha ar bord satailítí NOAA, an fhairsinge oighear farraiġe is ísle ar taifead i rith mhí Mheán Fómhair ag 4.28 milliún ciliméadar cearnach (39% faoi mheán 1979-2000). Bhí an teas aimhrialta a chlúdaigh cuid mhór den Leathsféir Thuaidh ó Eanáir go Meán Fómhair 2007 ina chúis go raibh fairsinge an oighir farraiġe i bhfad níos ísle - 23% - ná an taifead a leagadh síos i 2005. Tá breis faisnéise faoi choinníollacha sneachta agus oighir an Leathsféir Thuaidh le fáil ar leathanach Nuachta NSIDC, atá curtha ar fáil ag Ionad Náisiúnta Sonraí Sneachta agus Oighir NOAA (NSIDC).

Fairsinge Oighear Farraiġe Artach

(Achar den aigéan le 15% oighear farraiġe ar a laghad)



Plota Fairsinge Oighear Farraiġe an Leathsféir Thuaidh


Bíonn coinníollacha athraitheacha ag oighear farraiġe an Artaigh ó dhúchas ó bhliain go bliain mar gheall ar fhórsaí gaoithe, teochta agus aigéin. Go minic tar éis bliana ina mbíonn an t-oighear 'iseal' bíonn téarnamh ann an bhliain dár gcionn. Ach le teochtaí dromchla ag méadú ag domhanleithid arda tá níos mó leá ann sa samhradh agus níos lú fás oighir ann san fhómhar agus sa gheimhreadh. Cé go bhfuil athraitheacht nádúrtha freagrach as athraithe ó bhliain go bliain i bhfairsinge an oighir farraiġe, tugann trí bliana le híosfairsinge, agus fianaise go bhfuil an paca oighir ag tanú, le fios go bhfuil athruithe ag teacht ar an gcóras oighear farraiġe nach mbaineann le hinathraitheacht nádúrtha amháin.

Mar a léirítear sa tsraith ama thuas bhí meánfhairsinge an chlúdaigh sneachta i rith gheimhreadh an tuaiscirt (Nollaig 2006-Feabhra 2007) faoi bhun an mheáin. Tharla sé seo den

chuid is mó mar gheall ar choinníollacha aimhrialta teo san Áise, san Eoraip, i gCeanada agus sa leath thoir thuaidh de S.A.M. Bhí an fhairsinge clúdaigh sneachta sa Leathsféir Thuaidh ar an 8ú fairsinge b'ísle sa taifead stairiúil. 45.4 milliún ciliméadar cearnach a bhí sa mheánfhairsinge clúdaigh sneachta don tréimhse taifid 1967-2007.

Fairsinge Clúdach Sneachta an Leathsféir Thuaidh

Geimhreadh (Nol 2006-Fea 2007)




Fairsinge Clúdach Sneachta an Leathsféir Thuaidh Fairsinge Geimhridh 2007

Bhí an clúdach sneachta do gheimhreadh an tuaiscirt 2007 os cionn an mheáin ar fud Mheiriceá Thuaidh, an 13ú fairsinge is mó sa taifead stairiúil 41 bliain. Tharla sé seo i bpáirt mar gheall ar shraith stoirmeacha sneachta agus oighir a bhuail S.A.M i mí Feabhra. Is é 17.0 milliún ciliméadar cearnach an meánchlúdach fairsinge sneachta geimhridh tuaisceartaigh i Meiriceá Thuaidh don tréimhse taifid 1967-2007.

Bhí an meánchlúdach sneachta don Leathsféir thuaidh san earrach tuaisceartach (Márta-Bealtaine) 2007 faoi bhun an mheáin. Tharla cuid

Meiriceá Thuaidh Fairsinge Clúdaigh Sneachta

Geimhreadh (Nol 2006-Fea 2007)




Fairsinge Clúdaigh Sneachta i Meiriceá Thuaidh, Geimhreadh 2007

mhaith de seo mar gheall ar choinníollacha aimhrialta teo san Áise, san Eoraip agus i gcuid mhaith de S.A.M. Bhí fairsinge chlúdach sneachta an Earraigh sa Leathsféar Thuaidh ar an 3ú fairsinge is ísle ar taifead. 92.6 milliún ciliméadar cearnach a bhí sa mheánfairsinge clúdaigh sneachta don tréimhse taifid 1967-2007.

An Leathsféar Thuaidh Aimhrialtachaí Clúdach Sneachta

Earrach (1967-2007)



Fairsinge Clúdaigh Sneachta an Leathsféir Thuaidh


Bhí an clúdach sneachta don earrach tuaisceartach ar fud Mheiriceá Thuaidh faoi bhun an mheáin, rud a d'fhág fairsinge Mhárta-Bealtaine san 8ú háit sa taifead. Is é 38.7 milliún ciliméadar cearnach an meánchlúlach fairsinge sneachta earraigh tuaisceartaigh i Meiriceá Thuaidh don tréimhse taifid 1967-2007.

Frasaíocht Dhomhanda

Bhí an fhrasaíocht domhanda os cionn an mheáin do 1961-1990 i 2007. Bhí frasaíocht athraitheach i mórán áiteanna i rith na bliana. Bhí

Meiriceá Thuaidh Aimhrialtachaí Clúdach Sneachta

Earrach (1967-2007)




Fairsinge Clúdach Sneachta an Leathsféir Thuaidh Fairsinge Earrach 2007

meánchoinníollacha níos tirime ná an meán go forleathan in oirdheisceart agus in iarthar S.A.M, i dtuaisceart na hIndia, ar chósta thoir na Brasaíle, i ndeisceart agus in oirthear na hAstráile, agus in áiteanna in oirthear na hÁise. Ag an am ceanna bhí coinníollacha níos fliche ná an meán i lár S.A.M agus in áiteanna san Eoraip agus san Áise.

Chuir triomach sé bliana isteach ar Abhantrach an Murray-Darling san Astráil i mí Aibreáin. Tuairiscíodh gurb é seo an triomach ba mheasa i stair na tíre. Bhí an-éagsúlacht frasaíochta sa tSín

Aimhrialtachaí Frasaíochta Domhanda Bliantúla

(1900 - 2007)



Aimhrialtachaí Frasaíochta Domhanda Bliantúla


ar fud na tíre le tréimhsí trombháistí agus triomach géar in áiteanna. D'fhulaing cúige Gansu an triomach ba mheas ó 1940 i mí Bhealtaine. Agus i mí Iúil, bhí tuilte báistí ann a chuir isteach ar bheagnach 500,000 duine. I gcúige Chonqing, sáraíodh an taifead fluichraís 24 uair an chloig nuair a thit 227mm báistí (9 n-orlach) ar an 16-17 Iúil.

Le linn mhíonna Eanáir agus Feabhra, bhí tuilte sa Bholaiv de bharr báistí troime a chuir isteach ar

Aimhrialtachaí frasaíochta Ean-Nol 2007

(i gcomparáid le buntréimhse 1961-1990)

National Climatic Data Center/NESDIS/NOAA



Aimhrialtachaí Frasaíochta Domhanda Bliantúla 2007





bheagnach 200,000 duine agus 70,000 heicteár (173,000 acra) de thalamh curaíochta. Bhí na tuilte is measa ón mbliain 1959 san Uragua, cuireadh isteach ar 110,000 duine agus rinneadh drochdhamáiste do bharráí agus d'fhoirgnimh.

Bhí tuilte go forleathan i gCósta Ríce mar gheall ar bháisteach throm a thit ar an 10-11 Deireadh Fómhair, scuabadh 800 teach chun bealaigh agus bhí maidhm mharfach pluda ann ar an 11ú. Ba í an mhaidhm pluda seo, dar leis na tuairiscí, an tubaiste aimsire ba mhó a bhí i gCósta Ríce le bliana, maraíodh 14 dhuine agus cuireadh na céadta teach faoi phluda i mbaile Atenas. I Nicaragua, chuir an bháisteach throm isteach ar 10,000 duine agus scriosadh tithe agus barraí. Tuairiscítear gur thit 600 mm (24 orlach) báistí i dtréimhse ceithre lá.

Thit báisteach fholcmhar, a thosaigh ag deireadh Dheireadh Fómhair, ar stát Tabasco Mheicsiceo i mí na Samhna agus bhí tuilte tubaisteacha ann dá bharr. Bhí tuilte go forleathan, mar aon le maidhmeanna talún, agus bhris aibhneacha thar a mbruacha, agus bhí na tuilte ba mheasa le 50 bliain ann. Bhí timpeall 80% den stát faoi uisce, scriosadh tithe agus barraí, agus fágadh timpeall leathmhilliún duine gan dídean. Ar an 17 Nollaig, spreag báisteach throm tuilte ar fud dheisceart na Téalainne, cuireadh isteach ar na mílte sráidbhaile agus fógraíodh gur ceantair tubaiste iad 8 gceantar. Tuairiscíodh gurb iad seo na tuilte ba mheasa a bhuail an réigiún le 10 mbliana.

Comhoibriú ICHEC / Met Éireann



Comhaontú comhoibriúcháin ICHEC / Met Éireann á shíniú. Ó Chlé: Dennis Jennings (cathaoirleach Bhord Maoirseachta ICHEC), an Dr. J.-C. Desplat (Stiúrthóir ICHEC), an tUasal Déaglán Ó Murchadha (Stiúrthóir Met Éireann), agus an tOll. Iognáid Ó Muircheartaigh (Uachtarán OÉ Gaillimh).

I mí Aibreáin 2007 chuir Ionad Ard-Ríomhaireachta na hÉireann (ICHEC) agus Met Éireann tús le comhoibriú nua eolaíoch i réimsí réamhaisnéis na haimsire agus samhaltaithe aeráide. Mar chuid den chomhoibriú seo cuireann ICHEC saoráidí ríomhaireachta agus tacaíocht ar fáil do Met Éireann chun a chur ar a gcumas samhla ar dghléine réamhaisnéise a reáchtáil ar shár-ríomhaire suaitheanta an ICHEC, Walton. Tá an dá chomhpháirtí rannpháirteach sa tionscadal idirnáisiúnta HIRLAM (Samhail Limistéir Theoranta Ardaifigh) atá tiomnaithe do chóras úrscothach uimhriúil gearrthéarmach réamhaisnéise aimsire a fhorbairt le haghaidh úsáid oibríochta. Tá iarrachtaí taighde dírithe go háirithe faoi láthair ar shamhail na chéad ghlúine eile a fhorbairt: córas méiseascála neamh-hiodrastadach a dhéanfaidh gnéithe aimsire ar scála ciliméadair a thairfead ar fud na hÉireann.

Cuireann na mórshaoráidí ríomhaireachta atá ar fáil ó ICHEC go mór le forbairt samhailtí mar go mbíonn acmhainní fairsinge ag teastáil chun tástáil agus dífhachtú réadúil a dhéanamh ar an gcód casta atá ann.

Tá saineolas ICHEC sárluachmhar freisin chun feidhmíocht na samhla a bharrfheabsú ar chórais ríomhaire dáilte. Is ceist thar a bheith tábhachtach í seo do shamhail atá á reáchtáil i dtimpeallacht oibríochta ina mbíonn spriocamanna diana chun

táirgí aimsire a ghiniúint; déantar an chastacht nó an leibhéal mionsonraí is féidir leis an tsamhail a láimhseáil a oiriúnú do am reáchtála socraithe de ghnáth.

Áiseoidh an comhoibriú leathnú rannpháirtíocht na hÉireann i dtaighde aeráide go háirithe sa réimse samhaltaithe. Ó 2003 i leith, tá Met Éireann, i gcomhar le UCD, ag reáchtáil an tionscadail C41 (Comhchoiste Athrú Aeráide na hÉireann), ag úsáid samhail réigiúnach aeráide chun scálú anuas a dhéanamh go dinimiciúil ar na haschuir ó shamhaltaí domhanda aeráide chun faisnéis réigiúnach a sholáthar faoin athrú aeráide amach anseo. Sa chomhoibriú nua beith na comhpháirtithe ag nascadh leis an tionscadal EC-Earth, iarracht idirnáisiúnta chun Samhail nua de Chóras Domhanda Eorpach a fhorbairt bunaithe ar chóras cúplaithe domhanda atmaisféir/aigéin, le comhpháirteanna idirghníomhacha fásra, ceimic atmaisféarach, timthriall carbóin agus bithgheocheimic aigéin. Beidh samhaltú aeráide leis an tsamhail seo á reáchtáil ag ICHEC.

Déanann Fondúireacht Eolaíochta Éireann maoiniú ar ICHEC (féach <http://www.ichec.ie>) le ranníocaíochtaí ón Údarás Ardoideachas (HEA) tríd an tionscadal CosmoGrid; is í Ollscoil na hÉireann Gaillimh a dhéanann óstáil uirthi. Tá sonraí eile faoi thionscadal C41 ar fáil ag <http://www.c4i.ie> nó ag suíomh idirlín Met Éireann (<http://www.met.ie>).

Bás Meitéareolaithe Iomráiteacha Éireannacha



Brendan McWilliams

7 Lúnasa 1944 go 22 Deireadh Fómhair 2007

Rugadh Brendan McWilliams isteach i saol na meitéareolaíochta. Bhí a athair, Seán McWilliams ar dhuine de ghrúpa meitéareolaithe a earcaíodh do Sheirbhís na Meitéareolaíochta na hÉireann i 1939.

Rugadh Brendan i mBaile Átha Cliath ach d'fhás sé suas in An Coireán i gContae Chiarraí mar go raibh a athair ina Cheann ar Réadlann Dhairbhre i gCathair Saidhbhín. Tar éis céim a fháil ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh lean Brendan a athair isteach sa tSeirbhís Meitéareolaíochta i 1965. Tar éis a chuid oiliúna a fháil i Ros Láir, chaith sé tréimhse in Aerfort na Sionainne sular aistrigh sé go dtí an Oifig Lárnach Anailíse agus Réamhaisnéise [CAFO] i 1975. Bhí sé ina bhall den fhoireann a chuir réamhaisnéis laethúil na haimsire ar fáil ar theilifís RTÉ.

Chuaigh Brendan isteach san ardbhainistíocht i 1978 nuair a ceapadh é ina Cheann ar oifig Aerfort Bhaile Átha Cliath. Bhí sé ina cheannaire Riaracháin agus Oiliúna sular ceapadh mar Stiúrthóir Cúnta é i 1990. Idir an dá linn ghnóthaigh sé MBA ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath sa bhliain 1987.


Bhí Brendan an-ghníomhach in obair na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta meitéareolaíochta agus bhí sé ina chathaoirleach ar mhórán grúpaí agus coistí, mar a raibh a chumas comhréitigh agus a scileanna cumarsáide le feiceáil go soiléir.

I 1998, thóg Brendan sos gairme ó Met Éireann chun glacadh le post lánaimseartha mar Stiúrthóir Riaracháin ar EUMETSAT in Darmstadt na Gearmáine. Bhí sé ag obair ansin go dtí gur imigh sé ar phinsean i 2004.

Nuair a bhí an MBA críochnaithe aige i 1987, spreag a chuid fuinnimh agus a bhrí é chun tabhairt faoi nithe eile agus thosaigh sé ag scríobh a cholúin laethúil “Weather Eye” san Irish Times. Níorbh fhada go raibh a cholún ar cheann de na míreanna ba rathúla sa pháipéar. Sa bhliain

dheireanach dá shaol rinne sé mír bheo le “Today with Pat Kenny” ar RTÉ Raidió 1.

Bhí an tUasal McWilliams ina chomhalta den Royal Meteorological Society (RA), ina bhall oinigh saoil den Royal Dublin Society, agus ina chomhalta onórach de Chumann Meitéareolaíochta na hÉireann.



An Dr. Anthony (Tony) Hollingsworth

6 Iúil 1943 go 29 Iúil 2007

Chuir an Dr Anthony (Tony) Hollingsworth tús lena ghairm mar réamhaisnéiseoir i Seirbhís Meitéareolaíochta na hÉireann, Met Éireann anois, agus as sin chuaigh sé chun staidéar Ph.D. a dhéanamh in M.I.T. D'fhill sé chun na hEorpa chun glacadh le post taighde i nGrúpa Samhaltaithe Atmaisféir na hOllscoileanna sa RA in Ollscoil Reading. Chuaigh sé isteach san ECMWF ar an 1 Márta 1975, agus ba é an té ba fhaide a bhí ag freastal ar an Ionad nuair a fuair sé bás. Le linn a chuid ama san ECMWF bhí sé ag obair ar beagnach gach gné den réamhaisnéis uimhriúil aimsire, i gceannas ar Roinn na nGnéithe Fisiceacha agus Roinn Sonraí agus Samhlacha na Rannóige Taighde faoi seach. Rinneadh Ceann Taighde de i 1991 agus ceapadh é ina Leas-Stiúrthóir i 1995. D'éirigh sé as na poist seo nuair a bhí sé seasca bliain d'aois ach ní dheachaigh sé ar scor ach i gceannas ar thionscadal monatóireachta comhshaoil GEMS na hEorpa, gníomhaíocht a lean sé le fíis agus le dúthracht go bás.

Bhí tionchar idirnáisiúnta ag Tony chomh maith, ag spreagadh comhoibriú leitheadach le EUMENSAT, ESA agus gníomhaireachtaí spáis ar fud an domhain, agus ag obair le tacaíocht a thabhairt do Chlár Taighde Aeráide an Domhain, leis an gCóras Breathnadóireachta Aeráide Domhanda, le hAcadamh Eolaíochta S.A.M agus le Cumann Meitéareolaíochta Mheiriceá. Ghnóthaigh sé Gradam Jule G. Charney ón gCumann sin, agus D.Sc. ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh as an gcion a rinne sé don réamhaisnéis uimhriúil aimsire.

Dul chun Cinn chun Spriocanna Ardleibhéil a bhaint amach

Tugtar liosta de dheich Sprioc Ardleibhéil i Ráiteas Straitéise Met Éireann a léiríonn príomhchuspóirí agus straitéisí na heagraíochta. Tá sonraí faoin dul chun cinn ar na spriocanna seo i 2007 tugtha thíos.

Sprioc Ardleibhéil 1: *Seirbhís den scoth réamhaisnéise aimsire ginearálta agus rabhaidh maidir le haimsire bhaolach a sholáthar don phobal in Éirinn, mar aon le heolas cabhrach eile - eolas a chuideoidh cosc a chur le tubaistí comhshaoil nó a chuideodh na tubaistí sin a mhaolú.*

Lean an Roinn Réamhaisnéise Ginearálta (RRG) ag soláthar raon leathan seirbhísí réamhaisnéise agus rabhaidh óna oifigí i nGlac Naíon agus in RTÉ, Domhnach Broc.

Eisíodh 487 Fógra Gála agus 951 Rabhadh do Mhionárthaigh i rith na bliana, maille le rabhaidh bhreise ar leith faoi choinníollacha aimsire mar atá imlínithe sa tábla atá leis seo.

Rabhaidh Shonracha	Líon Eisithe
Sioc / Teocht Íseal	48
Báisteach	49
Sneachta	2
Toirneach	93
Gaoth	103
Coinníollacha Dúchain	54

Tháinig méadú suntasach ar líon na bhfiosraithe ó na meáin agus ó bhaill den phobal maidir le haimsir an-fhliuch, go háirithe in oirthear na tíre, i rith mhíonna an tsamhraidh.

Cuireadh seirbhísí oiriúnaithe aimsire ar fáil do shaoráide fuinnimh, don tionscal tógála, d'údaráis áitiúla agus do leasa éagsúla eile gnó agus tráchtála. I gcomhar leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta, cuireadh réamhaisnéisí cóireála bóthair ar fáil ar son os cionn 50 suíomh d'údaráis áitiúla ar fud na tíre.

Bhí an-tóir ar an tSeirbhís Comhairleoireachta Teileafóin le cliaint thionsclaíocha agus tráchtála

agus bhí éileamh láidir leanúnach ar Weatherdial, seirbhís aimsire glao ardráta teileafóin Met Éireann. I gcomhar le RTÉ, chuir roinnt de mheitéareolaithe RRG réamhaisnéisí aimsire i láthair ó Thaispeántas Eolaithe Óga BT san RDS i mí Eanáir agus ón gComórtas Náisiúnta Treabhadóireachta sa Tulach Mhór i mí Mheán Fómhair.

I mí Dheireadh Fómhair rinne Met Éireann óstáil ar chruinniú Meteo Alarm i mBaile Átha Cliath (cuibhreannas NMS Eorpacha a chuireann rabhaidh aimsire crua ar shuíomh idirlín don phobal) - bhí foireann an RRG freagrach as an gcruinniú a réachtáil.

Ceannaíodh dhá bhreacaire cairte nua agus suiteáladh iad i mí Iúil agus i dtreo dheireadh na bliana, rinneadh ullmhúchán mór do theacht Stáisiún Oibre nua Réamhaisnéise, a chuirfidh go mór leis na huirlisí oibríochta atá ar fáil do na foirne réamhaisnéise.

Numerical Weather Prediction (NWP)

Tá an Comhoibriú Réamhaisnéise Uimhriúla Aimsire (NWP) leis an bpobal HIRLAM 1 (Samhlacha Limistéir Theoranta Ardaifigh) sa taighde NWP ag leanúint ar aghaidh. Dhírigh cion Met Éireann le blianta beaga anuas ar chóireáil na gcoinníollacha teorannacha cliathánacha a úsáidtear sa tsamhail NWP chun teorainneacha trédhearcacha a fhoirmiú go matamaiticiúil a fheabhsóidh cruinneas na réamhaisnéisí. Tá an obair seo ag teacht chun críche anois. Tionóladh cruinniú trí lá i mBaile Átha Cliath chun plean a chumadh do thaighde sa réimse seo sa toadhchá; bhí eolaithe ó Sheirbhís Ríoga Meitéareolaíochta na Beilge agus Météo France i láthair ag an gcruinniú.

I gcomhar le hIonad Ríomhaireachta Ardleibhéil na hÉireann (ICHEC) tá iarrachtaí taighde dírithe go háirithe faoi láthair ar shamhail na chéad ghlúine eile a fhorbairt: córas méiseascála neamh-hiodrastadach a dhéanfaidh gnéithe aimsire ar scála ciliméadair a thaifead ar fud na hÉireann. Ag deireadh mhí Bhealtaine thug Grúpa Bainistíochta HIRLAM cuairt ar Met Éireann chun plé a dhéanamh ar chion eolaíochta na hÉireann i leith an tionscadail agus chun aiseolas a fháil ó úsáideoirí na dtáirgí oibríochta.



Córas Réamhaisnéise Oibríoch NWP

I mí Aibreáin 2007 chuir ICHEC agus Met Éireann tús le comhoibriú nua eolaíoch i réimsí réamhaisnéis na haimsire agus samhlaithhe aeráide. Mar chuid den chomhoibriú seo cuireann ICHEC saoráidí ríomhaireachta agus tacaíocht ar fáil do Met Éireann chun a chur ar a gcumas samhlacha ardghléine réamhaisnéise a reáchtáil ar shár-ríomhairí an ICHEC. B'éigean athchóireáil iomlán a dhéanamh ar an gcóras NWP. Ag an am céanna rinneadh an seomra NWP a nuachóiriú chun an leagain is déanaí de shamhailí atmaisféaracha agus toinne a úsáid agus tugadh comhpháirteanna nua isteach; cuireadh an tsamhail aigéin ROMS isteach chun treoir a thabhairt faoi bhorradh stoirme i gceantair chósta agus rinneadh leasú ar na réamhaisnéisí atmaisféaracha, chun réamhaisnéisí ardghléine a sheachadadh ar eangach léaslíneach 5km ar fud na hÉireann.

Tá Met Éireann ag brath fós go príomha ar threoir a thugtar ón Ionad Eorpach do Réamhaisnéisí Meán-réimse Aimsire (ECMWF) do réamhaisnéisí sa réimse 3 go 7 lá chun cinn.

Spríoc Ardleibhéil 2: *Dualgais an Stáit a chomhlíonadh maidir le soláthar seirbhísí meitéareolaíochta d'eitlíocht agus dul i bhfeidhm ar fhorbairtí eile sa todhchaí sa réimse sin chun an toradh fadtéarmach is fearr agus is féidir a bhaint amach don earnáil eitlíochta.*

Cuireann Rannóg na Seirbhísí Eitlíochta (RSE) seirbhísí ar fáil don eitlíocht shibhialta, mhíleata agus ghinearálta, de réir na gcaighdeán agus na moltaí atá leagtha síos ag an Eagraíocht Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, riachtanais an Aontais Eorpaigh agus nósanna imeachta idirnáisiúnta. Tá an RSE comhdhéanta den Oifig Lárnach Eitlíochta ag Aerfort na Sionainne, mar a bhfuil Ceann na Roinne lonnaithe, maille leis na hOifigí Meitéareolaíochta ag aerfort Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí, Aerfort Iarthar na hÉireann i gCnoc Mhuire agus Aeradróm Mhic Easmainn. Is í an Roinn seo an pointe fócas idirghabhála idir Met Éireann agus Údarás Eitlíochta na hÉireann, údarais na n-aerfort agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta Eitlíochta Sibhialta agus Coimisiún Meitéareolaíocht Eitlíochta Eagraíocht Mheitéareolaíochta an Domhain. Bíonn páirt ghníomhach ag foireann an RSE freisin in obair na n-eagraíochta comhoibríoch le cinntiú go mbíonn an tseirbhís is fearr agus is éifeachtúla ag na húsáideoirí.

Cuireann an RSE seirbhísí réamhaisnéise ar fáil chomh maith do na haerfort réigiúnacha i nDún na nGall, Sligeach, Gaillimh, Ciarraí agus Port Láirge.

Lean gnáthoibríochtaí ar aghaidh mar ba ghnáth i rith na bliana. Eisíodh Réamhaisnéisí Aeradróm Críochfoirt ar son aerfort na Sionainne, Chorcaí agus Chnoc Mhuire agus d'Aeradróm Mhic Easmainn. Cuireadh Rabhadh Áitiúla Aeradróm ar fáil do na láithreacha seo agus do roinne aerfort réigiúnach. Eisíodh 390 teachtaireacht SIGMET do Réigiún Faisnéise Eitilte na Sionainne, agus cuireadh 383 réamhaisnéis ar fáil chun cabhrú le hoibríochtaí Cuardaigh agus Tarrthála. Cuireadh saoráide féinfhaisnéise ar fáil do pháilóití in Aerfort Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne.

Tá sé d'aidhm ag beartas an Aontais Eorpaigh, Aonspéir Eorpach (SES) go mbeadh iompar aeir san Eoraip níos sábháilte, níos éifeachtúla agus níos cost-éifeachtaí. Is í aidhm SES eagrú aerspás na hEorpa a chuíchoiriú, agus iomadúlacht láithreach na Réigiún Faisnéise Eitilte (RFE) a laghdú, agus aerspás aonair Eorpach a chruthú i ndeireadh na dála. Rialaíonn an SES freisin soláthar seirbhísí don eitlíocht, lena n-áirítear seirbhísí meitéareolaíochta.

Is riachtanas ar leith de na rialacháin SES go bhfaigheadh soláthraí seirbhís meitéareolaíochta don eitlíocht shibhialta idirnáisiúnta córas bainistíochta caighdeán ISO 9001:2000. Ghnóthaigh an ASD a dheimhniú i 2007, agus lean ar aghaidh mar aon soláthraí deimhnithe meitéareolaíochta d'Éirinn. Cinntíonn an deimhniú seo go bhfuil an Roinn ag cloí leis na riachtanais atá leagtha síos ag clár reachtúil SES agus go gcuireann sé a chuid seirbhísí ar fáil ar bhealach éifeachtúil, oscailte, trédhearcach agus neamhidirdhealaitheach discriminatory way.

Réamhaisnéis / Táirgí	Líon
Líon RTA gearra eisithe i 2007	14573
Líon RTA fada eisithe i 2007	3068
Líon RCÁ eisithe i 2007	7281
Líon Cairteacha Suntasacha Gaoithe Íseal-Leibhéil eisithe i 2007	1534
Líon Cairteacha Gaotha táblacha eisithe i 2007	1534
Líon SIGMET eisithe	390
Líon réamhaisnéisí Cuardaigh agus Tarrthála eisithe	383
Líon Rabhadh Áitiúil eisithe	EINN 247 EIDW 343 EICK 212 EIME 251 EIKN 217 EISG 81 EIWF 65 Iomlán 1416
Líon rabhadh Fiar Gaoithe (áirithe in iomlán na rabhadh áitiúla thuas)	168

Sprioc Ardleibhéil 3: Raon cuimsitheach seirbhísí aeráide a sholáthar do gach earnáil bunaithe ar chartlann aeráide nua-aimseartha ar ardchaighdeán, agus, i gcomhar le hionaid saineolais eile, ráitis údarásacha faoin todhchaí a sholáthar maidir le treochnaí aeráide in Éirinn sa todhchaí.

I rith na bliana 2007 lean an Roinn Clíomeolaíochta agus Breathnadóireachta lena phríomhthascanna, an bunachar Náisiúnta Aeráide a chothabháil, líonraí na stáisiún breathnadóireachta a bhainistiú, Oifig na bhFiosraithe Aeráide a oibriú agus anailís agus tráchtairacht a dhéanamh ar aeráid na hÉireann.

Fuair Oifig na bhFiosraithe Aeráide timpeall 5,250 fiosrú teileafóin agus 3,610 iarratas ríomhphoist/facs/litreach ar fhaisnéis chlíomeolaíoch nó ar thuarascálacha. Cuireadh beagnach 400 tuarascáil chlíomeolaíoch ar fáil do chásanna dlí/árachais agus d'fhreastail saineolaithe mar fhinnéithe sa chúirt mar ba ghá.

Cuireadh Achoimre Mhíosúil Aimsire ar fáil go pras ag deireadh gach míosa, le réamh-mheastachán ar aimsir na míosa. Chuir an Feasachán Míosúil Aimsire tuairisc níos cuimsithí ar fáil ar ball faoi choinníollacha aimsire le tráchtairacht ar theagmhais shuntasacha in Éirinn agus ar fud an domhain.

Lean an Roinn ar aghaidh le sonraí a chothabháil agus a bhailiú ó 550 stáisiún clíomeolaíoch agus báistí, le cúnamh ó ghníomhaireachtaí agus ó dhaoine aonair a bhí ag comhoibriú leo. Rinneadh rialú cáilíochta ar na sonraí seo, agus ar shonraí ó stáisiún Met Éireann féin, agus cuireadh ar fáil iad sa bhunachar sonraí clíomeolaíoch. Thug cigirí Met Éireann cuairt ar thimpeall leath na stáisiún sna líonraí breathnaithe i rith na bliana 2007.

Cuireadh críoch leis an obair chun tacair sonraí eangaithe faoi dhoimhneacht-fad-minicíocht báistí a tháirgeadh mar thacaíocht do Nuashonrú Staidéar Tuilte an OPW.

Cuireadh an t-aistriú go freastalaí nua bunachar sonraí i gcríoch i rith na bliana.

Sprioc Ardleibhéil 4: Arleibhéal saineolais agus rannpháirtíochta a chothú i sainréimsí ar nósna talmhaíochta, an chomhshaoil agus na meitéareolaíochta mara agus úsáid a bhaint as an saineolas seo chun treoir réamhaisnéise agus tacaíocht cinní a sholáthar.

An tAonad Talmhaíochta agus Comhshaoil

Thosaigh an tAonad Meitéareolaíochta Talmhaíochta ag obair i rith na bliana leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia chun monatóireacht a dhéanamh ar riosca an Víreas Gormtheanga (BTV) in Éirinn. D'fhorbair an tAonad samhail ruthaig mheitéareolaíochta chun measúnú laethúil a dhéanamh ar riosca trasiompair gaoithe an BTV go hÉirinn ó cheantair ionfhabhtaithe san Eoraip agus sa Bhreatain. I 2007 chomh maith cuireadh tús le comhoibriú le lucht taighde i Roinn na Luibheolaíochta i gColáiste na Tríonóide, le samhaltú ar thionchar an athraithe aeráide ar fheirmeoireacht in Éirinn. Úsáideann an tionscadal seo teilgean aeráide atá ginte ag an tionscadal C41 chun torthaí barraí a thuar in aeráid na todhchaí. I mí Eanáir rinne Grúpa Agmet, a ndearna Met Éireann áisiú air, óstáil ar cheardlann 'Making Science Work on the Farm - A Workshop on Decision Support Systems for Irish Agriculture'. Thug an tAonad tacaíocht arís do Met Éireann chun freastal ar an gComórtas Náisiúnta Treabhadóireachta sa Tulach Mhór, Co. Uíbh Fháil i mí Mheán Fómhair; thug sé seo deis iontach do Met Éireann a sheirbhísí a fhógairt agus aiseolas a fháil ó chustaiméirí.

An tAonad Muirí

Láimhseáil an tAonad Muirí gnáthfhiosraithe clíomeolaíochta a bhain le cúrsaí mara agus loingseoireachta. Tá maoirseacht leanúnach á dhéanamh ag an Aonad ar reáchtáil na samhlacha uimhriúla toinne agus borrrha a úsáidtear chun treoir réamhaisnéiseach a thabhairt faoi riocht na mara timpeall ar chóstaí na hÉireann agus i Muir Éireann.

Sa dara leath den bhliain rinneadh dhá athrú thábhachtach ar an gcóras oibríochtuil muirí réamhaisnéiseoireachta: rinneadh nuashonrú ar an samhaltú toinne go leagan níos airde (ECWAM) agus tugadh samhaltú nua stoirme isteach (ROMS). Feabhsáionn na hathruithe cumas Met Éireann chun tionchar aimsire cruá i gceantair chósta a thuar. Bhí éifeacht leis an gcóras nua go háirithe sna rabhaidh thráthúla a seachadadh le linn dhá thréimhse ina raibh na farraigí an-trom ag deireadh mhí na Samhna agus ag tús mhí na Nollag.



Cuireadh breathnadóireachta nua léargas cósta ar fáil ó thithe solais chun úsáid oibriúcháin a bhaint astu nuair a síníodh Meamram Tuisceana idir Met Éireann agus Coimisinéirí Soilse na hÉireann. Faoin gcomhaontú seo tá rochtain ar fáil ar bhreathnaithe uaire ó thithe solais roghnaithe beagnach i bhfíor-am do na réamhaisnéisoirí.

Le linn na bliana chomhoibrigh Met Éireann le Foras na Mara i dtástáil Córas Sealbhúcháin Sonraí ag baint úsáide as an líonra Iridium. Déanann an tAonad Muirí monatóireacht i gcónaí ar cháilíocht na sonraí ón líonra socraithe baoithe, ag cinntiú go dtugtar fadhbanna faoi deara agus go bhfaightear réiteach orthu chomh gasta agus is féidir; in ionchuir thábhachtacha iad na sonraí do réamhaisnéisí uimhriúla agus ginearálta ag clúdach na hEorpa agus an Atlantaigh agus don mhonatóireacht ar athruithe fadtéarmacha san aeráid mhuirí.

Lean Met Éireann lena rannpháirt sa thionscadal PRISM arna mhaoiniú ag an AE, a bunaíodh chun samhlacha réamhfháistineacha a fhorbairt de Mhuir Éireann le huirlisí gréasánbhunaithe ag gabháil leo a bheadh oiriúnach le húsáid nuair atá pleanáil á dhéanamh agus cinntí bainistíochta á nglacadh. Baintear úsáid as raon sonraí aschuir ó shamhail uimhriúil réamhaisnéise Met Éireann chun tacú le PRISM.

I mí Feabhra d'fhógair Met Éireann a ghníomhaíochtaí muirí ag Seó Bád 2007 i mBaile Átha cliath; léirigh an pobal an-spéis i seastán na heagraíochta.

Samhaltú Clíomeolaíochta - Comhchoiste Athrú Aeráide na hÉireann - Tionscadal C41

Cuireadh le déine na hoibre ar an samhaltú aeráide sa bhliain 2007 mar a ndearnadh cleachtaí insamhailte d'Éirinn chun an éiginnteacht a bhaineann le réamhaisnéisí aeráide a chainníochtú; chomh maith leis sin, rinneadh insamhladh breise 150 bliain (1950–2009) do limistéar na hEorpa chun tacú leis an tionscadal idirnáisiúnta ENSEMBLES a bhfuil Éire rannpháirteach ann; cuireadh i gcrích insamhailte borrrtha stoirme (2 x tréimhsí 30 bliain) ag baint úsáide as samhail aigéin atá tiomáinte ag sonraí atmaisféaracha scálaithe anuas; cuireadh i gcrích freisin staidéar ar thuilte abhantraí; rinneadh staidéir nua ag baint úsáide as chomhinsamhailte chun tionchar an athraithe aeráide ar an éileamh fuinnimh a bheidh ann don téamh agus an tionchar ar an uasleibhéal ózóin a chainníochtú. Faoi láthair tá samhail aeráide


ardtaifigh á húsáid chun atlas gaoithe a tháirgeadh d'Éirinn chun tacaíocht a sholáthar do phobal fuinnimh ghaoithe na hÉireann.

Cuireadh i gcrích an chéad chéim san obair samhaltaithe aeráide i mí na Nollag agus cuireadh tús le hullmhúcháin do thuarascáil chuimsitheach ag tabhairt achoimre ar thorthaí an tionscadail. Rinneadh páirtí de Met Éireann sa tionscadal ECEARTH, tionscadal idirnáisiúnta a bunaíodh chun forbairt a dhéanamh ar Shamhail Chórais Talún Eorpach bunaithe ar chóras atmaisféarach-aigéin cúpláilte le gnéithe den fhásra dinimiciúil, den cheimic atmaisféarach, den timthriall charbóin agus den bhithcheimic aigéin. I mí na Nollag, d'óstáil Met Éireann agus UCD i gcomhar lena chéile cruinniú ceardlainne dhá lá den ghrúpa EC-EARTH chun obair taighde amach anseo a phlé.

I mí Feabhra, thug C4I cur i láthair le hachóimre don Chomhchoiste Oireachtais um an gComhshaoil agus Rialtas Áitiúil, ag díospóireacht 'An Athraithe Aeráide in Éirinn'.

***Spríoc Ardleibhéil 5:** : Dul i mbun gníomhaíocht tráchtála meitéareolaíochta i gcomhréir le dlí na hiomaíochta agus lenár sainúdarais eile d'fhonn an costas iomlán a bhíonn ar Met Éireann agus ar an Státchiste a laghdú.*

Bliain	Méid (€, 000)
1995	719
1996	766
1997	876
1998	883
1999	1,277
2000	1,312
2001	1,463
2002	1,444
2003	1,398
2004	1,501
2005	1,651
2006	1,517
2007	1,865





Ar na gníomhaíochtaí is mó a ghin ioncam do Met Éireann, athuair, bhí an réamhaisnéis aimsire ardráta, seirbhísí don teilifís agus do mheáin eile, sonraí agus tuarascálacha clíomeolaíochta a sholáthar, agus réamhaisnéisí aimsire a sholáthar (lena n-áirítear cothabháil bóithre geimhridh) don Údarás um Bóithre Náisiúnta agus d'údaráis áitiúla. Shroich an t-ioncam ó na gníomhaíochtaí seo buaic nua i mbliana.

Bhain seirbhísí custaiméirí leas as an gcóras Bainistíochta Caidrimh Chustaiméirí (BCC) athuair, córas a chuireann rochtain láithreach ar fáil ar eolas tábhachtach mar gheall ar chustaiméirí, a thugann tús áite do ghníomhaíochtaí agus a rianaíonn gach cumarsáid chustaiméir-bhainteach. Feidhmíonn an córas BCC in éineacht le feabhsúcháin ar chórais chuntasaíochta Met Éireann, agus is féidir bainistiú a dhéanamh ar riachtanais na gcustaiméirí ar bhonn níos tráthúla agus níos éifeachtaí de bharr an chórais.

Le linn 2007 lean an Rannóg Tráchtála ar aghaidh leis an idirchaidreamh le gach mórghrúpa custaiméirí agus le mórpháirtithe gnó. D'áirigh na gníomhaíochtaí margáíochta agus bolscaireachta freastal ar sheónna agus ar thaispeántais, go háirithe an Seó Bád i mí Eanáir agus an Comórtas Náisiúnta Treabhadóireachta i mí Mheán Fómhair.



Foireann Met Éireann ag an gComórtas Náisiúnta Treabhadóireachta

Spríoc Ardleibhéil 6: Sraith clár monatóireachta comhshaoil agus geoficisí a chur i gcrích ag teacht lenár bhfeidhmeanna meitéareolaíochta.

Réadlann Dhairbhre

Rinneadh ceithre ardú shondáil raidió air uachtaraigh in aghaidh an lae d'fhonn próifil ingearach na n-eilimintí meitéareolaíochta a thomhas ag an Réadlann, maille le tuairiscí aimsire dromchla gach uair an chloig. Rinneadh tomhais radaíochta ultraivialaite agus tomhais dromchla agus colúin ózóin, chomh maith le harduithe sondála ózóin gach seachtain. Rinneadh uasghrádú ar chórais teileaméadrachta agus gaoithe agus ar stáisiún talún air uachtaraigh le linn 2007.

Ghlac an Réadlann páirt i gclár mhonatóireachta idirnáisiúnta sa cheimic atmaisféarach, sa gheo-mhaighnéadaic, sa tseimeolaíocht agus san fheineolaíocht. Leanadh ar aghaidh leis an uasghrádú ar na saoráidí geo-mhaighnéadaice. Rinneadh uasghrádú ar na saoráidí seimeolaíochta i gcomhar le hInstitiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath. Suiteáladh córas chun tintreach a bhrath mar chuid den líonra domhanda d'Oifigí Meitéareolaíochta. Cuireadh tús le clár monatóireachta doimhne optach aerasóil de réir cheanglais Global Atmospheric Watch (GAW).

Leanadh leis an obair i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh, i réimse na fisice agus na ceimice atmaisféaraí, ag leanúint ó athbhreithniú 2005 GAW. Tosaíodh ag glacadh páirte i dtionscadal nua de chuid an Ionaid Taighde Comhshaoil, chun anailís a dhéanamh ar leibhéil ózóin os cionn na hÉireann.

Saotharlann

Leanadh ar aghaidh leis an anailís ar chomhdhéanamh ceimiceach an aeir agus ar shamplaí frasaíochta ó stáisiúin shionoptacha áirithe, go príomha Réadlann Dhairbhre. Leanadh ar aghaidh leis an anailís ar shamplaí ó chúig shuíomh de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, mar chuid den tionscadal ERTDI chun monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an aeir agus ar an aigéadú atá nasctha le truailliú trasteorann. Cuireadh tús le hanailís ar shamplaí aeir ó Cheann Mhása de réir cheanglais GAW. Cuireadh tús le tástálacha atá bainteach leis an síneadh le raon clár ceimice atmaisféaraí de réir cheanglais EMEP, GAW

Spríoc Ardleibhéil: Bonneagar teicniúil a chothabháil agus a fheabhsú do Met Éireann a tacaíonn leis na hearraí a tháirgeann sé.

Ionstraimíocht

An Líonra Sionoptach

Tá meascán de stáisiúin uathoibríocha agus stáisiúin le foireann sa líonra fadbhunaithe de stáisiúin shionoptacha atá ag Met Éireann, agus cuireann siad tuairiscí ar fáil gach uair an chloig maidir le dálaí áitiúla aimsire. Bhí clár iomlán breathnadóireachta ann, 24 uair sa lá, ar feadh na bliana.

Suiteáladh stáisiún uathoibríoch aimsire breise (AWS) i 2007 sa líonra aontaithe breathnadóireachtaí sionoptach agus aeráide (TUCSON). Tá braiteoirí cliste san áireamh sa stáisiún seo atá in ann monatóireacht a dhéanamh ar choinníollacha léargais, aimsire nó scamail (ICAPS). Bhí an stáisiún seo suite i gColáiste Talmhaíochta Ghoirtín, Co. Thiobraid Árann, agus déanfar é a choimisiúnú go luath san athbhliain. Tá 14 AWS sa líonra uathoibríoch anois. Chomh maith leis sin, cuireadh cumas ICAPS i dtrí shuíomh TUSCON AWS atá ann cheana. Cuireadh críoch leis an ullmhúchán chun AWS a shuiteáil ag Caisleán Bhaile Sheáin. Cuireadh críoch leis an bpleanáil chun AWS nua a shuiteáil ag Cionn Mhálanna i 2008. Tá clár chalabrúcháin, chothabhála agus dheisiúcháin ag Met Éireann dá líonraí breathnadóireachta. Suiteáladh saoráid nua chun calabrú a dhéanamh ar bhraiteoirí taise sa réimse iomlán oibríochtúil le linn 2007.

Aerfoirt

Imscaradh cineál nua síleáilmhéadair in aerfoirt Chorcaí agus Chnoc Mhuire. Cuireadh tús le huasghradú ar chóras braite gaoithe aeradróm Mhic Easmainn agus cuirfear i gcrích é go luath san Athbhliain. Aistríodh an córas teiliméadrachta ag aerfort Bhaile Átha Cliath go clós nua agus rinneadh uasghradú air.

Córais Ghlacadóireachta Radair agus Satailíte Meitéareolaíochta

Oibríonn Met Éireann dhá radar faireachais aimsire líonraithe, atá suite ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus na Sionainne. Déantar cothabháil freisin ar shaoráidí stáisiún talún chun glacadh le sonraí ó shatailítí meitéareolaíochta. Rinne uasghradú leanúnach orthu seo chun na cineálacha breise faisnéise atá ar fáil ó shatailítí nua gheochobhsaí agus polacha.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Rinne caiteachas iomlán de €1,042,782.44 ar TF i 2007. Cuireadh roinnt tionscadal a bhí beartaithe siar mar gheall ar dheacrachtaí foirne nó mar gheall ar obair athchóireála sa cheanncheathrú

Rinneadh na forbairtí suntasacha seo a leanas:

- Tionscadal nua: Ní raibh caiteachas caipitil ann do thionscadal nua “Aistriú go Formáidí Cóid tiomáinte ag Táblaí [MTDCF]” i 2007 mar gur cuireadh feidhmíocht an tionscadail siar go 2009.
- Tionscadal Reatha: Rinneadh caiteachas €23,171.50 ar chrua-earraí do thionscadal Stáisiún Oibre na Réamhaisnéiseoirí (FWS) i 2007. Déanfar caiteachas €175k (CBL san áireamh) ar bhogearraí don tionscadal i 2008.
- Sábháladh €182k ar Athsholáthar/Breistithe mar gur cuireadh cuid acu siar mar gheall ar ghanntanas foirne agus deacrachtaí a d'eascair as athchóiriú an dara hurlár den cheanncheathrú le linn na bliana 2007.
- Rinneadh laghdú mór ar chostais Chotheabháil TCF mar gheall ar gur cuireadh Conradh cothabhála H/W agus S/W le IBM don sár-ríomhaire RS-6000 a baineadh as seirbhís ar ceal nuair a fostaíodh Ionad na hÉireann do Ríomhaireacht Ardleibhéil (ICHEC) chun gnáthreachtáil oibríoch an tseomra NWP a dhéanamh ó thús na bliana 2007.

Gnáthghníomhaíochtaí Tacaíochta agus Cothabhála Oibríochta TCF

I rith na bliana 2007 rinne an fhoireann TF réimse leathan córas agus feidhmchlár ríomhaire a fheabhsú agus thacaigh siad leo. Bhí tionchar ag socrúithe oibre a bhí báúil le teaghlaigh, saoire le linn téarma go háirithe, ar shocrúithe oibre do chuid den fhoireann. D'éirigh beirt den fhoireann TF as Met Éireann tar éis oiliúint ionduchtaithe a dhéanamh agus bhain an-mhoill leis na poist a fágadh folamh dá bharr sin i TF a líonadh sa réimse forbartha feidhmchlár.

1. Tugadh tacaíocht agus rinneadh cothabháil rathúil ar an ngáthaschur oibríoch ar feadh na tréimhse tuairisceoireachta in ainneoin go raibh baill foirne in easnamh le linn thréimhse an tsamhraidh go háirithe.

2. ICAO AMD 74: De réir Leasú molta ICAO ar Fhorscríbhinn 3, rinne athruithe ar na gluaiseanna ar chairteacha WAFS a táirgeadh inti ag an bhfeidhmchlár GIS-Meteo. Rinneadh na hathruithe AMD 74 a fhorfheidhmiú go rathúil de réir sceidil ar an 7 Samhain 2007.
3. Bhí Met Éireann rannpháirteach i monatóireacht bhliantúil WMO ar infhaighteacht thuarascálacha breathnadóireachta [Sionops, aer uachtarach, longa agus baoithe] ar an GTS le linn na tréimhse 1-15 Deireadh Fómhair 2007. Tionsaíodh anailís na dtorthaí agus cuireadh ar ais chuig an WMO iad ar an spriocdháta.
4. Bhí Met Éireann rannpháirteach sa mhonatóireacht rialta ar infhaighteacht thuarascálacha SIGMET le linn roinnt tréimhsí tástála a bhí eagraithe agus comhordaithe ag ICAO agus WMO.

Tionscadail NWP

- Cuireadh tionscadal NWP chun 5 fhreastalaí SGI a athsholáthar i gcrích go rathúil (Te, Fuar, Cineálta, Tirim, Fliuch) le dhá fhreastalaí nua racafheistithe (Carbón, Ocsaon) a chuir Dell ar fáil.
- Athraíodh an seomra NWP go sásúil go hardáin ICHEC; méadaíodh leithead an bhanda Idirlín ó 2mps go 5mps chun malartú oibríoch sonraí ardghléine chuig agus ón dá eagraíocht a áisiú.
- ECMWF: Thug ECMWF feabhsúcháin nua timthriall NWP isteach i mí na Samhna. Rinneadh breisiú ar fheidhmchláir glactha agus próiseála sonraí NWP agus tástáladh iad chun na haschuir nua NWP a láimhseáil.

Tionscadal Stáisiún Oibre na Réamhaisnéiseoirí

Foilsíodh ITT mionsonraithe do Chóras Stáisiún Oibre do Réamhaisnéiseoirí (FWS) ar shuíomh idirlín e-Tenders agus san OJEU. D'fhreagair ochtar soláthraithe don fhógra tairisceana. Bronnadh an conradh chun bogearraí, doiciméadúchán, suiteáil agus oiliúint a sholáthar do chuideachta atá bunaithe sa tSlóvaic, IBLSof. Cuireadh soláthar na gcrua-earraí ríomhaire chun tairisceana ar leith agus bronnadh an conradh chun trí fhreastalaí a sholáthar ar Dell.

Córais agus Seirbhísí Deisce

Rinneadh forbairt agus tástáil shásúil ar bhogearraí feidhmchlár chun tuarascálacha Sionoptacha a tháirgeadh lena ndáileadh go hidirnáisiúnta ar an GTS. Suiteáladh an bogearra nua i mí Iúil 2007 agus tá sé ag oibriú go hiontaofa ó shin agus tuarascálacha sionoptacha á nginiúint in aghaidh na huairé ó na sonraí TUCSON atá ag teacht ó stáisiún Chaisleán Bhaile Sheáin i gCo. Loch Garman.

Glacadh agus Próiseáil Sonraí Breathnadóireachta

Application software for the production of Synoptic reports for international dissemination on the GTS was successfully developed and tested. The new software was installed in July 2007 and since then has been running reliably and generating hourly synoptic reports from the TUCSON data received from the new Johnstown Castle station in Co. Wexford.

- Rinneadh socraithe leis an CIL chun léamha léargais a bhailiú, ar ríomhphost, ó Thithe Solais móorthimpeall ar chóstaí na hÉireann.
- Oiriúnaíodh formáid chraoladh na dTuarascálacha Cósta le gach réamhaisnéis limistéir farraige ar raidió RTÉ chun Ros Láir a bhaint amach agus tuarascálacha ón mbaoi M5 a chur ina áit mar aon leis an léamh léargais ó Theach Solais an Tuscair atá in aice leis.
- Rinneadh forbairt shásúil ar chomhéadan nua do bhunachar meiteashonraí TUSCON+ICAPS, le haghaidh úsáid I&E agus ITOPS.

Athraithe Foirne TF i 2007:

- D'éirigh 2 bhall foirne MO as an Roinn TF i Met Éireann i rith na bliana.
- D'fhág SMO amháin an Roinn le hardú céime go PMO.
- Tháinig 1 MO agus 1 SMO isteach sa Roinn i rith na bliana.
- Bronnadh ardú céime amháin ó MO go SMO sa Roinn i 2007.

- Cé gur cuireadh an-bhrú orainn mar gheall ar ghanntanas foirne agus gan foireann a bheith ar fáil, i rith an tsamhraidh go háirithe, d'éirigh linn tacaíocht agus cóireáil a dhéanamh ar gach córas TCF.

Oiliúint TCF

- Cuireadh socruithe oiliúna agus meantóireachta le linn na hoibre ar fáil do bhaill nua foirne.
- Cuireadh modúl ionductaithe Forléargais TCF ar fáil do cheithre MO nua-earcaithe.
- Méadaíodh an caiteachas ar oiliúint TF le linn 2007 agus bhain baill den fhoireann shóisearach úsáid as cúrsaí foirmiúla oiliúna a d'eagraigh an tOifigeach T&O.

Athsholáthar breacairí sa dá Oifig Réamhaisnéise

Fuarthas ceithre bhreacaire nua HP T1100 DesignJet, atá comhoiriúnach le hianscript leagan 2, ó Sord Data System agus rinneadh iad a tharmligeán go sásúil mar athsholáthar do na seanbhreacairí HP 1050C DesignJet i CAFO agus i CAO sa tSionainn.

Feabhsúcháin Bhonneagair

Suiteáladh saoráidí nua Cianrochtana, lena n-áirítear dhá fhreastalaí nua CITRIX, go sásúil ionas gur féidir le baill údaraithe foirne teile-obair a dhéanamh ón mbaile agus chun saoráidí cianrochtana a sholáthar ionas go mbeadh rochtain ag oibrithe soghluaiste ar chórais chúloifige agus ar fheidhmchláir trí thollán slán VPN atá á óstáil agus á bhainistiú ag Entropy. Rinneadh uasghrádú freisin ar an mballa dóiteáin Sidewinder.

Córais Ghrafacha Teilifise

Fuarthas trí stáisiún oibre nua Linux ó HP agus tar éis roinnt fadhbanna tosaigh d'éirigh linn iad a chur in úsáid leis an leagan is déanaí de bhogearra WeatherOne Borealis ag RTÉ agus sa cheanncheathrú.

Seirbhísí Eitlíochta

Cuireadh seirbhísí iontaofa TCF ar fáil do Roinn na Seirbhísí Eitlíochta le linn na tréimhse

tuarascála ar chaighdeáin aontaithe atá imlínithe sa Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse.

Tar éis chur i gcrích bhogearra feidhmchláir chun bunachar nua sonraí de thuarascálacha aimsire eitlíochta, agus an comhéadan nua do bhrabhsálaithe gréasáin, agus iad a thástáil go sásúil, rinneadh dul chun cinn suntasach chun DMZ slán a thógáil agus tacú le bonneagar chun óstaíocht ar sheirbhís nua gréasánbhunaithe Féinteagaisc Met (MSB) do phiólótaí.

Spríoc Ardleibhéil: *Go mbeadh ar chumas Met Éireann cur go héifeachtach le baint amach chuspóirí an Rialtais i réimsí comhshaoil ginearálta.*

Uathoibriú an Chórais Bhreathnadóireachta

Cuireadh suiteáil stáisiúin TUCSON i gCaisleán Bhaile Eoin, i bPáirc an Phaghanaigh agus i mBaile Átha hÉis i gcrích go luath sa bhliain. Rinneadh comhaontú le Coláiste Talmháochta Ghoirtín chun stáisiún TUCSON a shuiteáil ar a n-áitreabh. Cuireadh tús leis an obair suiteála agus beidh sé críochnaithe go luath i 2008. Glacfaidh sé áit an stáisiúin atá faoi láthair i mBiorra.

Aithníodh suíomh a d'fhéadfaí a úsáid do stáisiún TUCSON i gceantar Bhéal an Mhuirthead ach ba bheag an dul chun cinn a rinneadh mar gheall ar fhadhbanna pleanála agus comhshaoil. Leanfar leis an Togra i 2008. Bhí an obair ullmhúcháin ag dul ar aghaidh ar iarratas pleanála chun stáisiún TUCSON a shuiteáil ar shuíomh Chionn Mhálanna ag deireadh na bliana.

I mí Iúil aistríodh oibriúcháin breathnadóireachta aimsire ón stáisiún le foireann ag Cuan Ros Láir go suíomh nua uathoibríoch ag Caisleán Bhaile Eoin. Ba é seo an chéad aistriú dá leithéid sa chlár atá ann chun líonraí stáisiún sionoptach Met Éireann a uathoibriú.

Spríoc Ardleibhéil 9: *Féachaint le comhoibriú a chothú le seirbhísí Meitéareolaíochta Breatnacha agus Eorpacha eile d'fhonn cur le héifeachtacht Met Éireann agus chun tabhairt faoi chuspóirí Rialtais maidir le Comhaontú na Breataine-na hÉireann.*

I rith na bliana 2007 lean Met Éireann ar aghaidh lena rannpháirtíocht ghníomhach in obair eagraíochtaí éagsúla idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Eagraíocht Mheitéareolaíochta Domhanda, An Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta, An Lárionad Eorpach do Réamhaisnéisí Aimsire Meánraoin, An Eagraíocht Eorpach um Shaothrú Satailítí Meitéareolaíochta, grúpa Comhoibriú Meitéareolaíochta na hEorpa agus Líonra Meitéareolaíochta na hEorpa. Lean Met Éireann ar aghaidh lena rannpháirtíocht i HIRLAM freisin, tionscadal comhoibriúch i dTuar Uimhriúil Aimsire idir na tíortha Nordacha, an Spáinn, an Ísiltír agus Éire.

Cuireadh an grúpa ECOMET (Comhoibriú Eorpach sa Mheitéareolaíocht) ar bun i 1995 mar fhreagra ar fhorbairt gníomhaíochtaí tráchtála meitéareolaíochta san Eoraip. Is é a príomhchuspóir malartú saor neamhshrianta faisnéise a choinneáil idir Seirbhísí Náisiúnta Meitéareolaíochta na hEorpa, agus a chinntiú go mbeidh sonraí agus táirgí bunúsacha meitéareolaíochta ar fáil chomh forleathan agus is féidir do ríomhchlár tráchtála.

Cruinniú Chomhairle EUMETSAT i gCorcaigh

Eagraíodh an 62ú cruinniú de Chomhairle EUMETSAT i gCorcaigh ar an 26/27 Meitheamh, 2007, ar chuireadh an Chathaoirligh, Declan Murphy, Stiúrthóir Met Éireann.

Is eagraíocht idirnáisiúnta é EUMETSAT, an Eagraíocht um Shaothrú Satailítí Meitéareolaíochta, a bunaíodh i 1986 agus tá 21 ballstát aici, Éire ina measc. Oibríonn sí sraith satailítí geochoibhsaí agus polacha aimsire a chuireann íomhánna agus táirgí díorthaithe ar fáil dá bhallstáit agus don phobal idirnáisiúnta meitéareolaíoch.



Rinne an cruinniú i gCorcaigh athbhreithniú ar stádas chlár éagsúla EUMETSAT le béim ar leith ar phleanáil don chéad sraith eile de satailítí geochoibhsaí (Tríú Glúin Meteorosat) agus ar ról EUMETSAT i gclár Choimisiún na hEorpa do Mhonatóireacht Dhomhanda ar Chomhshaoil agus Slándáil (GMES).

Thug baill na Comhairle cuairt chuirtéise ar Ard-Mhéara Chorcaí, an tUasal Donal Counihan, agus thug Stiúrthóir Ginearálta EUMETSAT, an Dr. Lars Prahm, bronntanas don Ard-Mhéara.

EGOWS 2007

Rinne Met Éireann óstáil ar chruinniú 2007 Ghrúpa na hEorpa ar Chórais Stáisiúin Oibre [EGOWS] i mBaile Átha Cliath. Grúpa neamhfhoirmiúil is ea EGOWS a thagann le chéile go bliantúil chun ábhair a bhaineann le Stáisiúin Oibre Meitéareolaíochta agus ábhair ghaolmhara eile a phlé. Bhí ionadaithe ó fhormhór na Seirbhísí Met san Eoraip i láthair mar aon le ECMWS, Environment Canada agus Biúro Meitéareolaíochta na hAstráile. Bhí daoine éagsúla ó Met Éireann ag freastal chomh maith. Bhí formhór na láithriúchán ag cur síos ar na forbairtí is déanaí i ngach tír. Is gné de EGOWS é an seisiún taispeána mar a dtaispeánann forbróirí na córais is déanaí atá acu agus mar a ndéantar smaointe a mhalartú. Ar an lá deireanach bíonn grúpa Oibre ann a phléann ábhair ar nós léirshamhlú agus ról an réamhaisnéiseora.

Tionóladh an cruinniú i Halla Bedford i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ón 18 go dtí an 21 Meitheamh.



Pictiúr de rannpháirtithe EGOWS i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.

18ú Cruinniú OPERA

Rinne Met Éireann óstáil ar an 18ú cruinniú de OPERA (Radair Oibríochta Eorpacha) i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Dheireadh



Fómhair 2007. Is grúpa EUMETNET é OPERA a oibríonn ar radair oibríocha a fhorbairt san Eoraip agus tagann sé le chéile faoi dhó sa bhliain. Ó bunaíodh GORN go luath sna 1990í agus OPERA i 1991 tá forbairt leanúnach á dhéanamh chun caighdeáin a bhunú ar son sonraí radair a mhalartú. Leis an malartú seo tá cumasc samplach sonraí agus radar curtha le chéile ina n-áirítear beagnach gach radar san Eoraip. Fiosraíonn OPERA teicneolaíochtaí nua radair chomh maith, déanann próiseáil ar algartaim agus coinníonn sé bunachair sonraí ar radair. Tá OPERA sa 3ú céim faoi láthair le OPERA III a ritheann ó 2007 go 2011.

Tionóladh an cruinniú i Halla Bedford i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ón 3 go dtí an 5 Deireadh Fómhair.

Spríoc Ardleibhéil 10: : *Feidhm a bhaint as gach gné de chlár nuachóirithe na Státseirbhíse chun feabhas a chur ar éifeacht Met Éireann agus forbairt a dhéanamh ar phoitéinseal na foirne*

Riarachán

Bhí torthaí an bhuiséid beagán níos ísle ná mar a bhí réamh-mheasta i 2007, agus caitheadh beagán níos lú faoi na fotheidil chaipitil agus neamhchaipitil araon. Bhí síntiúis d'Eagraíochtaí Idirnáisiúnta Meitéareolaíochta níos lú ná mar a measadh freisin mar gheall ar ranníocaíocht níos lú do EUMETSAT, an Eagraíocht Eorpach um Shaothrú Satailítí Meitéareolaíochta den chuid is mó. Athraíonn ranníocaíochtaí EUMETSAT ó bhliain go bliain ag brath ar stádas a chlár oibriúcháin.

D'éirigh 3 bhall foirne as i rith na bliana agus chuaigh beirt ar phinsean. Rinneadh ceithre cheapachán go grád Meitéareolaí agus ceithre chinn go grád Oifigeach Meitéareolaíochta. Bhí ochtar ball foirne ag obair i bpoist shealadacha ar conradh agus cúigear ar shos gairme i rith na bliana. Ag deireadh na bliana 2007 bhí coibhéis 222 post foirne líonta i Met Éireann (nuair a chuirtear comhroinnt oibre, srl san áireamh). Ó seoladh an Togra Straitéiseach Bainistíochta i lár na 1990í tá a chuid Ráiteas Straitéise féin tiomsaithe ag Met Éireann. Ach ag imeacht ón gcleachtas seo, tá sonraí faoi Mhisean, Luachanna agus Cuspóirí Met Éireann corpraithe i Ráiteas Straitéise nua na Roinne 2008–2010. Is forbairt dhearfach é comhdhlúthú seo phleanáil

straitéiseach Met Éireann le planáil na máthair-roinne agus ba chóir go méadódh sé na deiseanna atá ag Met Éireann chun a chuid gníomhaíochtaí a chomhordú le tograí níos leithne na Roinne. Cuireadh tús le hathchóiriú mór ar oifigí Cheanncheathrú Met Éireann i nGlas Naíon i 2007. Cuireadh an chéad chéim den athchóiriú beartaithe, a leanfaidh ar aghaidh ar feadh roinnt blianta, i gcrích i mí na Nollag.

Comhpháirtíocht

Rinneadh athstruchtúráil ar Chomhairle Chomhpháirtíochta Met Éireann agus bhí seacht gcruinniú ag an gComhairle nua, atá comhdhéanta de 13 chomhalta, i rith na bliana 2007.

Thosaigh an Chomhairle ag tabhairt cuireadh do gach Roinn i Met Éireann ábhair a bhaineann leis an Roinn a ardú, nó ábhair níos ginearálta, a mheasann siad a bhféadfaí plé úsáideach a dhéanamh orthu sa Chomhpháirtíocht. Dá thoradh sin rinne an Rannóg Ionstraimíochta agus Monatóireacht Chomhshaoil agus an Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise láithriúcháin don Chomhpháirtíocht i rith na bliana.

Lean an Chomhairle Comhpháirtíochta lena monatóireacht ar fhorbairtí maidir le hathchóiriú oifigí CC Met Éireann, oibriú an Chóras Bainistíochta agus Forbairt Feidhmíochta, agus ar ábhair Sláinte agus Sábháilteachta ar fud na heagraíochta.

Chabhraigh an Chomhairle le Met Éireann lena hionchur i dtuarascálacha na Roinne do ghrúpa fíoraithe feidhmíochta na Státseirbhíse (CSPVG), agus bhunaigh sí fochoiste EnviroMet chun 'Beartas Glas' a thiomsú do Met Éireann.

Oiliúint agus Forbairt Foirne

Bhí formhór na ngníomhaíochtaí oiliúna / forbartha bunaithe ar riachtanais a aithníodh ar Fhoirmeacha Próifíl Róil an PMDS. Eagraíodh 185 imeacht oiliúna don fhoireann san iomlán, agus 30 díobh sin eagraithe lasmuigh d'Éirinn. Áiríodh breathnú agus réamhaisnéisiú aimsire, TF, clíomeolaíocht, bainistíocht agus riarachán i measc na n-ábhar oiliúna. D'fhreastail cuid den fhoireann ar níos má ná cúrsa amháin mar gheall ar a gcuid riachtanas ar leith, agus d'fhreastail 100 ball foirne ar imeachta oiliúna amháin ar a laghad i rith na bliana. D'fhreastail 16 bhall foirne ar

chúrsaí Teastais, Dioplóma, Céime, Máistreacht agus Ph.D. faoin chlár um Aisíoc Táillí. D'fhreastail ceathrar ball foirne ar chúrsaí teanga a d'eagraigh Gaeleagras agus Ionad Teangacha na Státseirbhíse.

Chuir beirt Mheitéareolaithe críoch lena n-oiliúint ionductaithe i UCD, agus fuair siad M.Sc. sa Mheitéareolaíocht. Chuir Meitéareolaí nua-earcaithe amháin tús le cúrsa M.Sc. san fhómhar. Cuireadh oiliúint bhunúsach ar fáil do cheathrar Oifigeach Meitéareolaíochta ag Aeradróm Mhic Easmainn, Baile Dhónaill. Chuir Met Éireann oiliúint ar fáil freisin do thriúr breathnóir MET in Aerfoirt Réigiúnacha.

Seirbhísí Leabharlainne & Faisnéise

Bhí post Leabharlannaí Met Éireann folamh ó thús na bliana 2006, ach líonadh é ar bhonn conradh ó mhí Dheireadh Fómhair 2007. Faoi dheireadh na bliana bhí dul chun cinn maith déanta ag an Leabharlannaí nua chun saoráidí leabharlainne a athbhunú ar bhonn lánoibríoch. Chabhraigh an Leabharlannaí freisin le cothabháil shuíomh gréasáin Met Éireann agus le táirgeadh iris foirne Met Éireann, Splanc, agus tháinig eagrán amháin amach i 2007.

Taispeántas na nEolaithe Óga agus na Teicneolaíochta

Rinne Met Éireann urraíocht ar Ghradam Speisialta ag Taispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta Esat BT don tionscadal is fearr le


haimsir nó aeráid na hÉireann mar théama lárnach. Ghnóthaigh Henrik Bresecke as Scoil Chuimsitheach Cholm Cille, Na Gleanntaí, Co. Dhún na nGall an gradam ar son a thionscadail “An Analysis of Weather Patterns in Maritime and Continental Regions”.

Rinneadh monatóireacht agus comparáid ar phatrúin aimsire in Éirinn agus sa Ghearmáin don tionscadal.




Henrik Bresecke being presented with his award by Evelyn Cusack

Aguisín 1 - Cruinneas Réamhaisnéise




Fíorú na Réamhaisnéisí Poiblí Aimsire

I rith na bliana 2007 lean Met Éireann ar aghaidh le ghnáthfíorú ar uasteocht, íosteocht agus fliuchras tuartha i gceithre shuíomh (Baile Átha Cliath, Corcaigh, Biorra agus Béal an Mhuirthead), bunaithe ar réamhaisnéisí raidió RTÉ ag 7.55r.n.. Léiríonn Fíor 1 agus Fíor 2 meánearráidí bliantúla Fhréamh Mheán na gCearnóg (FMC) do réamhaisnéis na n-uasluacha agus na n-íosluacha teochta do na blianta 2001-2007 (dá laghad an earráid FMC, is ea is fearr an réamhaisnéis). Léirítear meánfíorú bliantúil an líon fliuchrais i Léaráid 3 trí mheán Scór Hanssen agus Kuiper - tá luach 1 aige seo do réamhaisnéis fhoirfe, agus nialas do réamhaisnéis fhánach .i. ceann nach léiríonn aon scíl. Léiríonn na Fíoracha meánscóir bhliantúla ar don seasmhacht. Bhí meánearráid Fhréamh Mheán na gCearnóg (FMC) don uasleibhéal teochta réamhaisnéise timpeall 1.4°C ann do 2007, agus timpeall 2.0°C don íosteocht. Is é 0.46 an meánluach don Scór Hanssen agus Kuiper don fliuchras. Tá na scóir seo go léir ag teacht leis na luachanna comhfhreagracha do 2001-2006.





Is féidir tuairim a fháil faoi chaighdeán na réamhaisnéisí trí chomparáid a dhéanamh idir na scóir réamhaisnéisithe agus na luachanna a gheofaí ó réamhaisnéis 'chaighdeánach'. Is caighdeán í an tseasmhacht a úsáidtear go coitianta le haghaidh cuspóirí fíoraithe - .i. réamhaisnéis a ghlacann leis go mbeidh an aimsir chéanna ann amárach is atá ann inniu. Léiríonn Fígiúirí 1-3 go bhfuil na scóir réamhaisnéise bhliantúla do na blianta 2001-2007 níos fearr i ngach cás ná na scóir sheasmhachta, mar a bheifí ag súil leis.



Réamhaisnéis Uimhriúil Aimsire

Léirítear éabhlóid na scór fíoraithe bliantúil do réamhaisnéisí Teochta 2 mhéadar agus Luas Gaoithe 10 Méadar HIRLAM, ó 2001 go 2007, i bhFíoracha 4 agus 5.

Tugtar scóir earráide Fhréamh Mheán na gCearnóg do Theocht réamhaisnéisithe 2 Mhéadar do 24 agus 48 uair an chloig, fíoraithe i gcoinne tuairiscí iarbhír teochta ó líonra na stáisiún breathnadóireachta Éireannach. Léirítear feabhas ar earráid 2007 sa dá scór i gcomparáid le luachanna comhfhreagracha do 2006.



Léirítear scóir earráide Fhréamh Mheán na gCearnóg do Luas Gaoithe 10 Méadar do 24 agus 48 uair an chloig i bhFíor 5. Sa dá chás, léirítear feabhsú ó fhigiúirí 2006. Ní mór a thabhairt faoi deara gur athraigh Met Éireann go saoráidí ICHEC [féach an t-alt gaolmhar faoi seo] chun an tsamhail a rith sa bhliain 2007. Tugann an inniúlacht bhreisithe ríomhaireachta deis chomh maith chun uasghrádú a dhéanamh ó leagan 5 de HiRLAM go leagan 7 agus líon na leibhéal a úsáidtear a mhéadú ó 31 go 60.

Teocht Dhromchla an Bhóthair

Cuirtear réamhaisnéisí na gcoinníollacha bóthair ar fáil faoi chonradh don Údarás um Bhóithre Náisiúnta. Rinneadh íosréamhaisnéisí do Theocht Dhromchla na mBóithre (TDB) i rith shéasúr an gheimhridh 2006/2007 d'óicheanta a dtugtar óicheanta criticiúla (óicheanta a mbreathnaítear TDB níos ísle ná 5°C) do gach suíomh atá ar fáil. Léirítear Scór Hanssen agus Kuiper agus Earráid FMC do réamhaisnéisí 2006.2007, mar aon leis na luachanna comhfhreagracha do shéasúir an gheimhridh 2005/2006 agus 2004/2005.


Bhí Scór Hanssen agus Kuiper beagán níos ísle do 2006/2007 i gcomparáid leis an séasúr roimhe sin, agus ba í an earráid FMC, 1.49°C, an earráid ba ísle ó chuireamar an tseirbhís seo ar fáil den chéad uair i séasúr 98/99. Ach tá an dá scór measartha cobhsaí le trí shéasúr geimhridh anuas.

Tábla 1	Scór Hanssen agus Kuiper	Earráid FMC
2006-2007	0.64	1.5°C
2005-2006	0.68	1.7°C
2004-2005	0.66	1.6°C

Réamhaisnéisí Teochta Aeir


Eisíonn Roinn na Réamhaisnéisíochta Ginearálta réamhaisnéisí luath na maidine agus íosteochtaí do Bhaile Átha Cliath, don lá reatha agus don dá lá dár gcionn. Déantar na réamhaisnéisí seo a fhíorú ina dhiaidh sin le breathnadóireachtaí ag Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí.

Fíorú na nÍosteochtaí agus na nUasteochtaí, 2002-2007
Earráid FMG na réamhaisnéisí do Bhaile Átha Cliath



Fíor 6

Fíorú na nÍosteochtaí agus na nUasteochtaí, 2002-2007
Earráid FMG na réamhaisnéisí do Chorcaigh



Fíor 7

The 2007 RMS scores show an improvement when compared with those of 2006.

(It should be noted that in previous years, the comparison were based on the 24hrs, 21z to 21z, whereas in this report the comparison are based upon the exact day in question, i.e., 00z to 24z.)

Aguisín 2 - Foilseacháin

McDonald,A., 2007:An update into research into transparent boundary conditions. nuachtlitir HIRLAM 52, ll 148-155.



Aguisín 3 - Airgeadas Met Éireann

Is éard atá sna figiúirí a léirítear thíos ná neasfhaisnéis amháin. Ní cuid de chuntais oifigiúla bhliantúla Met Éireann atá iontu.

<i>Ioncam agus Caiteachas 2005/2006</i>	2007	2006	2007	2006
	€ ,000	€ ,000	€ ,000	€ ,000
Tuarastail agus Speansais Bhainteacha			15,978	14,954
Speansais Oibríochtúla Eile			2,738	2,756
Caiteachas Caipitil			872	735
Ranniócaíochtaí d'Eagraíochtaí Idirnáisiúnta			2,898	3,235
<i>Iomlán</i>			22,486	21,680
Fáltais ó Eurocontrol (Táillí bealaí)	8,309	7,841		
Fáltais ó Ghníomhaíochtaí Tráchtála & Aisghabháil Costais	1,865	1,517		
<i>Fáltais Iomlána</i>	10,174	9,358		
<i>Glanhostas ar Oibríochtaí</i>			12,312	12,322
<i>Roinnt sonraí maidir leis an méid thuasluaite</i>				
Tuarastail (A1)			14,957	14,042
Ragobair			762	668
Íocaíocht do Bhreathnadóirí			124	119
Liúntais Eile			135	125
A2 (Taisteal & Cothú)			270	223
A3 (Oiliúint/Gradaim Fiúntais/ Glanadh srl.)			625	502
A4 (Cumarsáid & Post)			301	263
A5 (Ríomhaireacht Chaipitil)			273	224
A5 (Ríomhaireacht Neamh-Chaipitil)			552	531
A5 (Ionstraimíocht Chaipitil)			599	511
A6 (Cothabháil/Fuinneamh)			614	608
A7 (Comhairleacht)			367	626
			9	3
			19,588	18,445
<i>Roinnt sonraí maidir le fáltais tráchtála/aisghabhála costas</i>				
Faisnéis chlíomeolaíochta	190	198		
Réamhaisnéisiú Ginearálta	1,657	1,287		
Ilghnéitheach	18	32		
	1,865	1,517		

Eolas Corparáideach

Ceanncheathrú Met Éireann

Cnoc Ghlas Naíon
Baile Átha Cliath 9, Éire
Teil: +353-1-806 4200
Facs: +353-1-806 4247
ríomhphost: met.eireann@met.ie
Idirlíon: www.met.ie

Réamhaisnéis Ghinearálta

Teil: +353-1-806 4255
Facs: +353-1-806 4275
ríomhphost: forecasts@met.ie

Clíomeolaíocht agus Breathnadóireacht

Teil: +353-1-806 4260
Facs: +353-1-806 4216
ríomhphost: climate.enquiries@met.ie

Roinn Tráchtála

Teil: +353-1-806 4244
Facs: +353-1-806 4247
ríomhphost: marketing@met.ie

Met Éireann

Réadlann Dhairbhre
Cathair Shaidhbhín Co. Chiarraí
Teil: +353-66-947 3460
Facs: +353-66-947 2442

Met Éireann

Aerfort Bhaile Átha Cliath
Co. Bhaile Átha Cliath
Teil: +353-1-812 0081
Facs: +353-1-844 4633

Met Éireann

Aerfort na Sionainne
Co an Chláir
Teil: +353-61-712 950
Facs: +353-61-712 962

Met Éireann

Aerfort Chorcaí
Corcaigh.
Teil: +353-21-491 7750
Facs: +353-21-431 7405

Met Éireann

Aerfort Chonnacht
Cnoc Mhuire
Co. Mhaigh Eo.
Teil: +353-94-936 7368
Facs: +353-94-936 7390



Gluais

ALDIN	Limited-area Numerical Weather Prediction model of Météo-France (samhail Limistéar-theoranta Fháistiniú Aimsire Uimhriúil de Météo-France)
AWS	Automatic Weather Station (Stáisiún Aimsire Uathoibríoch)
C41	Community Climate Change Consortium for Ireland (Comhchoiste Athrú Aeráide na hÉireann)
CAFO	Central Analysis and Forecast Office (an Lár-Oifig Anailise agus Réamhaisnéise)
CRM	Customer Relationship Management (Bainistíocht Chaidrimh Chustaiméirí)
ECMWF	European Centre for Medium-Range Weather Forecasts (an tIonad Eorpach um Réamhaisnéisí Aimsire Meánraoin)
ECOMET	European Co-operation in Meteorology (Comhoibriú Eorpach sa Mheitéareolaíocht)
ECPDS	ECMWF Product Distribution System (Córas Dáilte Táirgí ECMWF)
EGOWS	European Group on Work Stations (an Gasra Oibre Eorpach ar Stáisiúin Oibre)
EUCOS	EUMETNET Composite Observing System (Córas Breathnadóireachta Ilchodach EUMETNET)
EUMETCast	EUMETSAT data dissemination system (Córas Scaipthe Sonraí EUMETSAT)
EUMETNET	Network of European Meteorological Services (Líonra na Seirbhísí Meitéareolaíochta Eorpacha)
EUMETSAT	European Organisation for the Exploitation of Meteorological Satellites (an Eagraíocht Eorpach um Úsáid Satailítí Eorpacha Meitéareolaíochta)
FIR	Flight Information Region (Limistéar Faisnéise Eitilite)
GAW	Global Atmosphere Watch (Faire Atmaisféarach Dhomhanda)
HIRLAM	High-Resolution Limited Area Model (Samhail Limistéir Theoranta Ardaifigh)
ICAO	International Civil Aviation Organisation (an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta)
INTRA	Integrated Training (Oiliúint Chomhtháite (clár taithí oibre 3ú leibhéal))
ISO	International Organisation for Standardization (Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán)
MSG	Meteosat Second Generation (Meteosat Dara Glúin)
NASA	National Aeronautics and Space Administration (Riarachán Náisiúnta Aerloingseoireachta agus Spáis)
NOAA	National Oceanic and Atmospheric Administration (Riarachán Náisiúnta Aigéin agus Atmaisféir)
OPW	Office of Public Works (Oifig na nOibreacha Poiblí)
PRISM	Predictive Irish Sea Models (Samhlacha Fáistineacha Mhuir Éireann)
PMDS	Performance Management and Development System (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta)
QMS	Quality Management System (Córas Bainistíochta Cáilíochta)
RMS Error	Root Mean Square Error (Earráide Fhréamh Mheán na gCearnóg)
RST	Road Surface Temperature (Teocht Dhromchla Bóthair)
SAF	Satellite Application Facility (Áis Feidhme Satailíte)
SES	Single European Sky (Aonspéir Eorpach)
SIGMET	Information on occurrence of specified aviation weather phenomena (Faisnéis faoi tharlú fheanméin shainithe aimsire eitlíochta)
SMS	Short Message Service (Seirbhís Gearrtheachtaireachtaí)
SYNOP	WMO Code for Surface Synoptic Observations (Cód WMO do Bhreathnadóireachtaí Dromhcla Sionoptacha)
TAF	Terminal Aerodrome Forecast (Réamhaisnéis Aeradróim Ceann Cúrsa)
TUCSON	The Unified Climate and Synoptic Observations Network (an Líonra Breathnadóireachtaí Aontaithe Sionoptacha agus Aeráide)
WAFS	World Area Forecast System (Córas Réamhaisnéise Limistéar an Domhain)
WAM	Wave Forecast Model (Tonnsamhail Réamhaisnéise)
WMO	World Meteorological Organisation (Eagraíocht Meitéareolaíochta Domhanda)

Buíochas agus Creidiúintí Grianghraf

EUMETSAT

NOAA

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Foireann Met Éireann

an Lárionad Náisiúnta Sonraí Cíomeolaíochta,

Roinn Tráchtála SAM



